

eTwinning a leathnú go Gairmoideachas Tosaigh agus Gairmoiliúint Thosaigh in Éirinn Staidéar Féidearthachta

Jane O'Kelly PhD
Aibreán 2023



CLÁR

Liosta na dTáblaí	2
Liosta na bhFíoracha	3
Liosta Acrainmneacha	3
1. Réamhrá	4
2. Comhthéacs an Staidéir seo	4
2.1 Erasmus+	4
2.2 eTwinning	5
2.3 eTwinning Ireland	5
2.4 Gairmoideachas Tosaigh agus Gairmoiliúint Thosaigh (IVET)	6
2.5 IVET in Éirinn	7
2.6 Athruithe ar FET	9
2.7 Cleachtóirí FET agus IVET	10
2.8 An tAontas Eorpach agus Múinteoirí Gairmoideachais agus Gairmoiliúna	11
2.9 Córas Gairmoideachais agus Gairmoiliúna na hÉireann	13
2.10 Coláiste FET na Todhchaí	14
3. Bailiú Sonraí	15
4. Torthaí Taighde	16
4.1 Próiseas Athraithe faoi lán seoil in FET	16
4.2 Braistint ar Ghairmoideachas agus Ghairmoiliúint	16
4.3 Stádas agus Bailíochtú an Mhúinteora	17
4.4 Eolas ar eTwinning	17
4.5 Tábhacht a bhaineann le Aimsiú Comhpháirtithe	18
4.6 Líonraí/Ardáin a úsáid	18
4.7 Dúshlán maidir le Erasmus+	19
4.8 Tionchar COVID	20
4.9 Ullmhú Teanga in Erasmus+	20
4.10 Difríochothaí sa Chóras IVET	21

4.11 Foireann FET ag Céimeanna Éagsúla	22
4.12 Dúshlán eTwinning	22
4.13 Idirnáisiúnú	23
4.14 Ríomhnascadh a chur chun cinn	23
4.15 Aitheantas do Rannpháirtíocht eTwinning	24
4.16 Úsáid Éigeantach	25
4.17 Daoine ar bheagán Taithí ar Ghníomhaíochtaí arna gCistiú ag an Aontas	25
4.18 Moltaí maidir leis an Teagasc	25
4.19 Taispeántas ar Luach eTwinning	26
4.20 Luach na nGníomhaíochtaí eTwinning	26
4.21 Bacainní ar eTwinning	27
5. Plé	28
6. IVET in Éirinn	30
7. eTwinning a leathnú go IVET in Éirinn	31
7.1 Príomhghníomhartha don NSO	31
7.2 Gníomhartha Ginearálta Cur Chun Cinn le haghaidh eTwinning chuig IVET	31
7.3 Bearta Cur Chun Cinn ar leith do eTwinning le Teagasc agus Foghlaim IVET	32
7.4 Naisc idir eTwinning agus Gníomhaíocht Erasmus+ do IVET	32
7.5 Mionphointí Tábhachtacha do Chur Chun Cinn eTwinning in IVET in Éirinn	33
8. Conclúid	33

LIOSTA NA DTÁBLAÍ

Tábla 2.1: Typology of integration of IVET (Gambin, 2009, lch. 42).	7
Tábla 2.2: Characteristics of the main VET programmes in Ireland (Burke, Condon agus Hogan, 2019, lch. 25)	13
Tábla 3.1: Miondealú ar an Rannpháirtithe	15

LIOSTA NA BHFÍORACHA

Fíor 2.1: Overview of FET infrastructure (SOLAS, 2020, lch. 23)	9
Fíor 2.2: FET by broad types of provision (SOLAS, 2020, lch. 24).....	10
Fíor 2.3: Framework for restructuring FET provision (SOLAS, 2020, lch. 53)	15

LIOSTA ACRAINMNEACHA

CEDEFOP	European Centre for the Development of Vocational Training (An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna)
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CSS	Central Support Service (An tSeirbhís Lárnach Tacaíochta)
RBATNE	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
EPALE	Electronic Platform for Adult Learning in Europe (Ardán Leictreonach don Fhoghlaim Aosach san Eoraip)
FET	Further Education and Training (Breisoideachas agus Breisoiliúint)
KA1	Key Action 1 (Príomhghníomhaíocht 1)
KA2	Key Action 2 (Príomhghníomhaíocht 2)
EPALE	Electronic Platform for Adult Learning in Europe (Ardán Leictreonach don Fhoghlaim Aosach san Eoraip)
ETB	Education and Training Board (BOO - Bord Oideachais agus Oiliúna)
IVET	Initial Vocational Education and Training (Gairmoideachas Tosaigh agus Gairmoiliúint Thosaigh)
NSO	National Support Organisation (Eagraíocht Náisiúnta Tacaíochta)
OECD	The Organisation for Economic Co-operation and Development (ECFE An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta)
PD	Professional Development (Forbairt Ghairmiúil)
QQI	Quality and Qualifications Ireland (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann)
SEG	School Education Gateway (Tairseach Oideachais Scoile)
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
VET	Vocational Education and Training (Gairmoideachais agus Oiliúint)

1. RÉAMHRÁ

Cuireann an cháipéis seo staidéar féidearthachta tosaigh i láthair maidir le leathnú eTwinning chuig Gairmoideachas Tosaigh agus Gairmoiliúint Thosaigh (IVET) in Éirinn. Tá staidéar taighde cáilíochtúil ar mhionscála ina bhfuil 11 rannpháirtí agus 10 n-agallamh leathstruchtúrtha mar bhonn agus mar thaca ag an bhforléargas ar IVET in Éirinn. Cuireann an tuarascáil comhthéacs an staidéir i láthair lena n-áirítear forbheathnú ar IVET in Éirinn agus na torthaí ó na hagallaimh cháilíochtúla. Críochnaíonn an tuarascáil le sraith moltaí maidir le príomhghníomhartha agus gníomhaíochtaí cur chun cinn a d'eascair as an bplé dírithe le páirtithe leasmhara IVET.

2. COMHTHÉACS AN STAIDÉIR SEO

Tugann na rannóga seo a leanas forbheathnú garbh ar Erasmus, eTwinning agus IVET in Éirinn. Tugann na rannóga léargas gairid ar bhreisoideachas agus oiliúint (FET) in Éirinn agus ar struchtúr agus soláthar clár agus cúrsaí atá creidiúnaithe ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) san earnáil IVET. Cuirtear i láthair ann roinnt gnéithe den straitéis is déanaí de chuid SOLAS a bhaineann le teagasc agus foghlaim in IVET agus na hathruithe atá beartaithe atá ar bun d'fhonn an earnáil FET a chomhtháthú agus a athshainiú. Bíonn tionchar ag na hathruithe straitéiseacha seo ar struchtúr fisiciúil agus ar shuíomh FET ach leathnaíonn siad freisin chuig soláthar dámhachtainí agus cáilíochtaí in IVET. Bíonn tionchar ag na hathruithe ar FET ar thosaíochtaí agus ar riachtanais na hearnála FET agus na foirne laistigh di. Tugtar breac-chuntas ar roinnt gníomhartha straitéiseacha a bhaineann le forbairt ghairmiúil (PD) agus le hidirnáisiúnú sna rannóga seo a leanas.

2.1 Erasmus+

Is é Erasmus+ an clár oideachais Eorpach is mó a sholáthraíonn maoiniú do thionscadail soghluaisteachta agus comhair i réimse an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt. Aithníonn Erasmus+ príomhthosaíochtaí maidir le hiarratais ar mhaoiniú a léiríonn dúshlán shonracha san Aontas Eorpach. In 2022, ba ionann iad seo agus Cuimsiú agus éagsúlacht, Claoclú Digiteach, Comhshaol agus comhrac i gcoinne athrú aeráide agus Rannpháirtíocht sa saol daonlathach, comhluchanna agus rannpháirtíocht shibhialta (An Coimisiún Eorpach, 2022, lch. 7). Tá trí chuspóir shonracha ag an gclár chun soghluaisteacht tuillimh an duine aonair agus na ngrúpaí a chur chun cinn; soghluaisteacht foghlama neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta agus rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga a chur chun cinn agus soghluaisteacht foghlama foirne spóirt a chur chun cinn (ibid, lch. 6).

Mínítear sa Treoirleabhar Erasmus+ "Online platforms such as eTwinning, the Electronic Platform for Adult Learning in Europe (EPALE), the School Education Gateway (SEG) and the European Youth Portal will offer virtual collaboration spaces, partner-finding databases, communities of practice and other online services for teachers, trainers, youth workers, policy makers and other practitioners, as well as for pupils, young people and adult learners in Europe and beyond" (Cuirfidh ardáin ar líne amhail eTwinning, an tArdán Leictreonach d'Fhoghlaim Aosach san Eoraip (EPALE), an Tairseach Oideachais Scoile (SEG) agus Tairseach Eorpach na hÓige spásanna fíorúla comhoibrithe, bunachair shonraí aimsithe comhpháirtithe, pobail chleachtas agus seirbhísí eile ar líne ar fáil do mhúinteoirí, d'oiliúnóirí, d'oibrithe óige, do lucht déanta beartais agus do chleachtóirí eile agus do dhaltaí, do dhaoine óga agus d'fhoghlaimoirí fásta san Eoraip agus níos faide i gcéin) (2022, lch. 16).

2.2 eTwinning

Tá eTwinning, tionscnamh a seoladh in 2005, ar fáil anois i 44 tír ar fud na hEorpa agus stáit chomharsanachta agus tá os cionn 900,000 múinteoir cláraithe aige i níos mó ná 200,000 scoil. Déanann eTwinning cur síos air féin mar “the community for schools in Europe – [it] is a free online educational community of more than 946,000 registered users, the majority of whom are teachers at every school level (an pobal do scoileanna san Eoraip – pobal oideachais saor in aisce atá ann ina bhfuil breis is 946,000 úsáideoir cláraithe ar múinteoirí iad a chuid is mó de, ag gach leibhéal scoile. They work together online in a range of activities from projects between schools at national and international level, to collaborative spaces and professional development opportunities” (Oibríonn siad le chéile ar líne i réimse gníomhaíochtaí idir thionscadail idir scoileanna ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus spásanna comhoibritheacha agus deiseanna forbartha gairmiúla) (An Coimisiún Eorpach, 2021, lch. 7).

Mar chuid de réimse gníomhaíochtaí faireacháin agus meastóireachta, dhírigh Tuarascáil Faireacháin eTwinning (An Coimisiún Eorpach, 2021) ar imscrúdú a dhéanamh ar “the impact of ‘embedding eTwinning’ in national policies on three main areas: professional development and recognition, curriculum integration and innovative pedagogy” (an tionchar a bhíonn ag ‘eTwinning a leabú’ i mbeartais náisiúnta ar thrí phríomhréimse: forbairt agus aitheantas ghairmiúil, comhtháthú curaclaim agus oideolaíocht nuálach). Bhailigh an tSeirbhís Lárnach Tacaíochta (CSS) sonraí trí mheascán de thaighde deisce agus fócasghrúpaí le príomhpháirtithe leasmhara in ocht dtír: an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghréig, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Spáinn agus an Tuirc. Ar na torthaí áirítear gur spreag tabhairt isteach an idirnáisiúnaithe i ngairmeacha múinteoirí sraith nua gníomhaíochtaí a chuir PD múinteoirí chun cinn; chomh maith leis sin, leathanaigh eTwinning deiseanna le linn COVID agus bhí ullmhú níos fearr ag múinteoirí eTwinning chun dul i ngleic le ciantegasc le linn na paidéime. Tá roinnt tíortha ag aithint rannpháirtíocht múinteoirí in eTwinning trí phróisis fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus ag tabhairt faoi deara go n-aithníonn tuismitheoirí, príomhoidí agus páirtithe leasmhara eile rannpháirtíocht in eTwinning agus go bhfuil meas acu air.

Tá tionchar ag eTwinning ar phleananna curaclaim agus gníomhaíochta i roinnt tíortha agus tá sé nasctha le cur i bhfeidhm inniúlachta agus creataí tábhachtacha inniúlacht-bhulaithe i roinnt ballstát. Aithnítear inniúlacht ilteangach, feasacht agus léiriú cultúrtha, agus inniúlachtaí digiteacha i ndaltaí mar chuid den tionchar a bhíonn ag eTwinning a leabú i gcuraclaim. Méadaíonn rannpháirtíocht in eTwinning spreagadh, fuinneamh agus tiomantas na ndaltaí freisin. Chomh maith leis sin tugann sé eolas tosaigh do mhúinteoirí ar oideolaíocht nuálach, solúbtha agus ar chur chuige traschuraclaim. Leagann an Foras um Fhorbairt an Chórais Oideachais sa Pholainn, (Tokarz, 2021) béim air seo “thanks to eTwinning tools, students can improve their language skills and learn about the history and customs of the country they are about to visit. eTwinning can also be used during theoretical preparation for a traineeship. (a bhuí le huirlisí eTwinning, is féidir le scoláirí a gcuid scileanna teanga a fheabhsú agus foghlaim faoi stair agus nósanna na tíre a bhfuil siad ar tí cuairt a thabhairt uirthi. Is féidir eTwinning a úsáid freisin le linn ullmhúcháin teoriciúil do chúrsa oiliúna). Nothing stands in the way of learning the ways of training in a given profession, its specifics and safety rules remotely, before going abroad” (Níl aon ní sa tsliú chun na bealaí oiliúna i ngairm ar leith, a shainiúlachtaí agus a rialacha sábháilteachta a fhoghlaim trí chianfhoghlaim, sula dtéann tú thar lear) (lch. 34).

Tugtar le fios sa Tuarascáil Monatóireachta (An Coimisiún Eorpach, 2021) go bhfuil roinnt dúshlán i roinnt tíortha maidir le glacadh eTwinning, rud lena n-áirítear: míthuiscintí faoi eTwinning agus factóirí comhthéacsúla a chuireann bac lena ghlacadh, mar shampla, athchóirithe oideachasúla náisiúnta leanúnacha; rochtain ar an idirlíon; curaclaim dhochta; dul níos faide ná ceannródaithe agus eTwinning a leathnú ar fud an oideachais; maoiniú agus aitheantas; agus naisc le Erasmus+.

2.3 eTwinning Ireland

In Éirinn, is í an Eagraíocht Náisiúnta Tacaíochta (NSO) atá á bainistiú ag Léargas, a reáchtálann an clár. Tacaíonn an NSO le múinteoirí Éireannacha atá rannpháirteach sa chlár trí thacaíocht theicniúil agus oideolaíoch a chur ar fáil agus trí eTwinning a chur chun cinn ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Amhail Aibreán 2023 bhí os cionn 2,590 múinteoir

Éireannach cláraithe ar an ardán agus bhí níos mó ná 1,225 tionscadal cláraithe ina raibh scoileanna Éireannacha rannpháirteach.

Tar éis 15 bliana inar éirigh leis tacaíocht a thabhairt don bhunoideachas agus don mheánoideachas, tá eTwinning Ireland ag obair chun obair IVET in eTwinning ar fud na hEorpa a mhéadú agus a aithint. Tá sé seo mar chuid de bheartas níos leithne de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) atá dírithe ar eolas, fios gnó, scileanna agus/nó inniúlachtaí a theastaíonn ar an margadh saothair a thabhairt do dhaoine ar bhealach níos fearr. Beidh múinteoirí a chláraíonn in eTwinning in ann a chur in iúl anois an scoil/institiúid VET í a scoil/institiúid. Mar thoradh air sin, beidh sé níos éasca orthu tionscadail a chruthú le gairmithe atá ar aon intinn leo, rud a thabharfaidh tábhacht agus nuálaíocht VET chun cinn.

Fuarthas amach sa mheastóireacht ar eTwinning in Éirinn (D'Arcy, 2020) go bhfuil sé de chumas ag eTwinning aghaidh a thabhairt ar bhacainní a bhíonn ar scoláirí, go háirithe grúpaí faoi ghannionadaíocht, amhail spreagadh, teanga agus muinín. Tugann an tuarascáil eTwinning le fios go bhféadfaí "expanding on the collaboration with initial teacher training, a partnership between schools and their local tertiary education provider could be established to address some of the challenges experienced by students when they reach the stage where they will need to make a decision to participate in a mobility abroad" (an leathnú ar an gcomhoibriú le hoiliúint tosaigh múinteoirí, comhpháirtíocht idir scoileanna agus a soláthraí oideachais tríú leibhéal áitiúil a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin a bhíonn ag scoláirí nuair a shroicheann siad an chéim ina mbeidh orthu cinneadh a dhéanamh páirt a ghlacadh i soghluaisteacht thar lear) (lch. 88).

I mí na Bealtaine 2022, seoladh an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile, a chumascann faoi aon díon amháin an SEG agus eTwinning ina gcur i láthair ábhair agus seirbhísí (An Coimisiún Eorpach, 2022). Mínítear ar an suíomh gréasáin nua go mbeidh rochtain ar an Ardán Eorpach um Oideachas Scoile trí EU Login, seirbhís fiordheimhnithe an Choimisiúin Eorpaigh d'úsáideoirí. Míníonn sé gurb é "the European School Education Platform is the meeting point for all stakeholders in the school education sector – school staff, researchers, policymakers and other professionals – spanning every level from Early Childhood Education and Care to primary and secondary school, including Initial Vocational Education and Training. (an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile an áit choinne do na páirtithe leasmhara go léir san earnáil oideachais scoile – foireann scoile, taighdeoirí, lucht déanta beartais agus gairmithe eile – a chuimsíonn gach leibhéal idir Oideachas agus Cúram Luath-Óige agus an bhunscoil agus an mheánscoil, Gairmoideachas agus Gairmoiliúint Tosaigh san áireamh. The platform is also home to eTwinning, the community for schools in Europe" (Tá eTwinning, an pobal do scoileanna san Eoraip, lonnaithe ar an ardán freisin) (An Coimisiún Eorpach, 2022).

Mínítear sa tuairisc ón gCoimisiún Eorpach ó shuíomh gréasáin Beta don Ardán Eorpach um Oideachas Scoile: "eTwinning is a community that is exclusively open to educators and other school staff in initial vocational education and training and education from early childhood education and care to upper secondary schools from countries participating in eTwinning. eTwinning embodies a methodology, a pedagogical approach, a community of practice, and a platform that enables innovation, communication, and collaboration" (Is pobal é eTwinning atá oscailte go heisiach d'oideachasóirí agus d'fhoireann scoile eile i ngairmoideachas agus i ngairmoiliúint tosaigh agus in oideachas idir oideachas agus cúram luath-óige agus leibhéal sinsearach na meánscoile ó thíortha atá rannpháirteach in eTwinning. Cuimsíonn eTwinning modheolaíocht, cur chuige oideolaíoch, pobal cleachtas, agus ardán a chumasaíonn nuálaíocht, cumarsáid agus comhoibriú) (An Coimisiún Eorpach, 2022).

2.4 Gairmoideachas Tosaigh agus Gairmoiliúint Thosaigh (IVET)

Déanann an Coimisiún Eorpach cur síos ar IVET mar rud a tharlaíonn ag leibhéal na meánscoile sinsearaí agus ag leibhéal iar-mheánscoile sula dtosaíonn mic léinn ar an saol oibre. Tarlaíonn sé i dtimpeallachtaí scoilbhunaithe (sa seomra ranga go príomha) nó i suíomhanna obairbhunaithe, amhail ionaid oiliúna agus cuideachtaí (An Coimisiún Eorpach, 2022). Ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh (2020) Moladh maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht.

Deirtear sa Mholadh: "High quality and innovative vocational education and training systems provide people with skills for work, personal development and citizenship, which help them to adapt to and deliver on the twin digital and green transitions, to cope with emergency situations and economic shocks, while also supporting economic growth and social cohe-

sion. (Soláthraíonn córais ghairmoideachais agus gairmoiliúna nuálacha ar ardchaighdeán scileanna d’obair, d’fhorbairt phearsanta agus do shaoránacht do dhaoine, rud a chabhraíonn leo dul in oiriúint don dá aistriú, is é sin, aistriú digiteach agus aistriú glas, agus spriocanna a bhaint amach ina dtaobh chun dul i ngleic le cásanna éigeandála agus suaité eacnamaíocha, agus tacú le fás eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta ag an am céanna. Thereby providing them with skills that help them get or create jobs in demand on the labour market” (Ar an gcuma seo cuirtear scileanna ar fáil dóibh a chabhraíonn leo poist a fháil nó a chruthú a bhfuil éileamh orthu ar an margadh saothair) (Comhairle an Aontais Eorpaigh, 2020, cuid 3).

Athraíonn struchtúr an tsoláthair IVET go mór i ngach ballstát den Aontas. De réir Léargais Sonraí CEDEFOP (ar IVET (2018) agus a gcur i láthair mac léinn gairme mar chéatadán de scoláirí meánscoile sinsearaí ar fad i 28 dtír an Aontais, is í Éire an t-aon tír ón tacar sonraí (2015) a bhfuil 0% de mhic léinn IVET aici mar chéatadán d’iomlán na scoláirí meánscoile sinsearaí. Tugann sé sin le tuiscint go bhfuil Éire ina haonar mar thír den Aontas a scarann IVET ón oideachas meánscoile sinsearaí. Tairgeann formhór bhallstáit an Aontais leaganacha éagsúla soláthair IVET atá comhtháite i meánleibhéal sóisearach agus sinsearach na scoile – in oideachas ginearálta, i gconairí gairme nó measctha – agus i gcórais a scarann IVET ina bhealaí dul chun cinn iar-mheánscoile, gairme agus treasach. Tá athchóirithe in IVET ar siúl le 20 bliain anuas ag díriú ar (a) aistriú – a chur ar chumas daoine bogadh idir modhanna oideachais iar-mheánscoile sóisearaí (gairmoideachas acadúil, scoilbhunaithe, agus

LEVEL				
Integration	Lower Secondary Level	Upper secondary level: vocational training	Apprenticeship	Tertiary
Yes	IVET provided as part of a fully integrated general education	Extent of shared curricula, ability to transfer to other streams	Emphasis upon a strong general education, ability to transfer to other programmes	Tertiary education part of the general university system; ease of progression to bachelor level
No	Distinct IVET system available	Distinct courses with little chance to transfer and/or progression	Distinct programme of study; transfer unlikely; limited scope for progression	Tertiary delivered by separate institutions; progression to bachelor level uncertain

TÁBLA 2.1: TYPOLOGY OF INTEGRATION OF IVET (TÍPEOLÁÍOCHT AN CHOMHTHÁTHAITHE IVET) (FOINSE: GAMBIN, 2009, LCH. 42)

2.5 IVET in Éirinn

Mar a tugadh faoi deara sa tuarascáil taighde le McGuinness et al., Further Education and Training in Ireland Past Present and Future (2014), tugann soláthar FET in Éirinn aghaidh ar go leor réimsí soláthair faoi láthair:

- i. IVET a chur ar fáil, lena n-áirítear printíseachtaí ar ardchaighdeán;
- ii. Bealach athiontrála do dhaoine aonair chuig oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear litearthacht agus bunoidreachas;
- iii. Forbairt ghairmiúil nó ghairme daoine aonair sa lucht saothair nó dul isteach sa lucht saothair arís;
- iv. Oideachas agus oiliúint pobail, agus;
- v. Foghlaim chórasach agus foghlaim bheartaithe eile a dhéanann daoine fásta i réimse leathan suíomhanna agus comhthéacsanna, idir shuímh fhoirmiúla agus neamhfoirmiúla.

Sa tuarascáil taighde díriodh aird air an méid seo: “diverse nature of the sector was seen as making it difficult to form a clear identity for FET” and that its lesser status in comparison to higher education was seen as “reflecting broader societal norms and expectations, but was also seen as relating to the fragmentation of FET provision and perceptions of current provision” (gur measadh é a bheith deacair sainiúlacht shoiléir a chruthú do FET mar gheall ar nádúr ilghnéitheach na hearnála” agus gur measadh go raibh an stádas níos ísle atá aige i gcomparáid leis an ardoideachas “ag léiriú gnásanna agus ionchais níos leithne sochaíocha ach go bhféachtaí air freisin mar rud a bhfuil baint aige le hilroinnt an tsoláthair FET agus le braistint i leith an tsoláthair mar atá sé faoi láthair” (McGuinness et al., 2014, lch. viii). Thug sí le fios freisin “Irish FET provision currently seeks to cater for the needs of school leavers, employees, firms, the unemployed and those on the margins of society without any clear mission objective relating to any particular component of provision. “go bhfuil soláthar FET in Éirinn faoi láthair ag iarraidh freastal ar riachtanais lucht fágála scoile, fostaithe, gnólachtaí, daoine dífhostaithe agus iad siúd atá ar imeall na sochaí gan aon chuspóir misin shoiléir a bhaineann le haon chomhpháirt ar leith den soláthar. In terms of its purpose, Irish provision appears similar to the Scottish FET system which is also more diverse, combining occupationally-specific vocational education with an additional focus on raising educational standards among poorly qualified adults” (Ó thaobh a chuspóra de, is cosúil go bhfuil soláthar na hÉireann cosúil le córas FET na hAlban atá níos ilghnéithí freisin, a chomhcheanglaíonn gairmoideachas a bhaineann go sonrach le cúrsaí ceirde agus fócas breise aige ar chaighdeán oideachais a ardú i measc daoine fásta nach bhfuil cáilithe go maith) (2014, lch. 111). Tá an cur chuige seo i gcodarsnacht le córais san Ísiltír, sa Ghearmáin agus san Astráil, áiteanna ina ndírítear ar dhaoine aonair a ullmhú do ghairmeacha beatha ar leith. Déanann an Ghearmáin agus an Ísiltír mic léinn a shruthú isteach i gcosáin ar leith laistigh den chóras scoile, agus san Astráil, in Albain agus in Éirinn roghnaíonn mic léinn a gconair tar éis scoile.


D’fhéadfadh téarmaíocht a bheith ina chúis mearbhaill ar fud an Aontais agus chórais eile IVET freisin, toisc nach bhfuil an tuiscint chéanna ann ar na téarmaí ‘Gairmoideachas agus Gairmoiliúint’ (VET) agus ‘Breisoideachas agus Breisoiliúint’ (FET) agus toisc gur féidir cur chuige, struchtúir agus bealaí éagsúla a bheith i gceist leo i dtíortha éagsúla.

Mar a mhíníonn Dunlop (2022): “Most upper secondary education students in Ireland (98%) are enrolled in general programmes and the remaining 2% are enrolled in vocational programmes (Leaving Certificate Applied). (Tá formhór na scoláirí meánoideachais shinsearaigh in Éirinn (98%) cláraithe i gcláir ghinearálta agus tá an 2% eile cláraithe i gcláir ghairme (Ardeistiméireacht Fheidhmeach)). Most students who enrol in vocational programmes (Further Education and Training (FET)) do so at the postsecondary non-tertiary level. (Déanann formhór na scoláirí a chláraíonn i gcláir ghairme (FET) amhlaidh ag leibhéal iar-mheánscoile nach leibhéal treasach é). Enrolment rates at this level peak at 14%, among 18-year-olds” (Sroicheadh rátaí rollaithe an bhuaic ag an leibhéal seo ag 14%, i measc daoine 18 mbliana d’aois).

Tá cúrsaí FET ar fáil d’fhoghlaimoirí os cionn 16 bliana d’aois, ach níl an soláthar FET rangaithe faoi aicmithe IVET nó aicmithe Gairmoideachais agus Gairmoiliúna Leanúnaí (CVET) ar leith (Dunlop, 2022, lch. 6). Ar fud na hEorpa, is VET é IVET a chuirtear i gcrích sa chóras oideachais tosaigh de ghnáth sula dtéitear isteach sa saol oibre (CEDEFOP, 2014). In Éirinn, cuirtear go leor cúrsaí FET ar fáil d’fhoghlaimoirí atá os cionn 16 bliana d’aois. Mar sin féin, tá soláthar FET difriúil leis an soláthar i dtíortha eile an Aontais sa mhéid is nach bhfuil sé rangaithe in aicmithe sonracha IVET nó CVET. In Éirinn cuimsítear “VET along with adult education and training into what is defined in Ireland as FET, which is available for everyone, offering provision to learner as early as age 16 with no upper age limit” (VET mar aon le hoideachas agus oiliúint aosach lena sainmhínítear in Éirinn mar FET, rud atá ar fáil do gach duine agus rud a thairgeann soláthar d’fhoghlaimoirí chomh luath le haois 16 gan aon uasteorainn aoise) (ibid, 2022, lch. 8).

Tá an soláthar seo á mhaoiniú ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) tríd an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS). Leithdháiltear beagnach 1 bhilliún Euro ar

FET gach bliain trí 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO). Cuireann siad cláir agus tionscnaimh FET ar fáil ar bhonn réigiúnach sna 26 chontae i bPoblacht na hÉireann. Tá réimse leathan clár ar fáil, lena n-áirítear cáilíochtaí ag Leibhéal 5 agus Leibhéal 6 QQI, printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna, cúrsaí Iar-Ardeistiméireachta (PLC), oideachas aosach agus pobail, mar shampla litearthacht agus ESOL (Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile), mar chuid den chroisholáthar (Dunlop, 2022). Is féidir dámhachtainí ag Leibhéal 1 go 6 QQI a chur ar fáil trí BOOanna, ríomhcholaíste SOLAS, eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna), soláthraithe príobháideacha, aonaid oiliúna in eagraíochtaí agus réimse leathan bealaí oideachais agus oiliúna. Athraíonn cúrsaí FET go mór ó thaobh faid de, ó roinnt blianta go oiread is cúpla seachtain. Tá siad deimhnithe ag Leibhéal 1-6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, idir bhunscileanna, amhail, cláir litearthachta agus uimhearthachta, agus scileanna ardleibhéil i raon leathan réimsí gairme (An Roinn Oideachais, 2021, lch. 31).



FÍOR 2.1: FORBHREATHNÚ AR BHONNEAGAR FET (FOINSE: SOLAS, 2020, LCH. 23)

2.6 Athruithe ar FET


Tá FET ag dul trí phróiseas athraithe atá bunaithe ar thrí thosaíocht straitéiseacha:

1. An clár oibre scileanna a chur ar aghaidh, inarb iad na tiománaithe a spreagann athrú ná an Scéim Dreasachta Printíseachta agus na tionscnaimh Scileanna chun Dul san Iomaíocht agus Scileanna chun Dul Chun Cinn.
2. Cuimsiú a chothú, clár inarb iad na tiománaithe a spreagann athrú ná foilsiú Litearthacht d'Aosaigh don Saol (2021) agus Ciste feabhsaithe SOLAS do Mhic Léinn faoi Mhíchumas.
3. Conairí chun foghlama a éascú, agus is iad na tiománaithe a spreagann athrú ná na cláir FET idir PLCanna agus phrintíseachtaí a chur ar fáil tríd an Lároifig Iontrála den chéad uair, ag tosú ar an 5 Samhain 2021 (Munroe, 2021, lch. 252).

Tugann Monroe le fios go ndeachaigh “freagairt an rialtais ar phaindéim COVID-19, na spreagthaí eacnamaíocha a soláthraíodh do FET, foilsiú Future FET: Transforming Learning 2020 -2024 de chuid SOLAS, agus bunú na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS)” i bhfeidhm ar FET de bhreis air sin, (2021, lch. 251).

Cuirtear in iúl sa dara straitéis atá ag SOLAS don earnáil FET: Future FET: Transforming Learning go bhfuil: “It is important to agree on an appropriate future staffing framework, which breaks down the barriers between different FET settings and programmes and facilitates more flexible deployment of staff to meet evolving needs. (sé tábhachtach comhaontú a dhéanamh ar chreat cuí soláthar foirne amach anseo, a bhreiseann síos na bacainní idir suíomhanna agus cláir éagsúla FET agus a éascaíonn imlonnú níos solúbtha foirne chun freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn). ... It must look at the role of the

teacher and the instructor and how these roles can evolve and be effectively deployed across FET settings, and brought together within an integrated FET college of the future” (Caithfidh sé breathnú ar ról an mhúinteora agus an teagascóra agus ar an tslí is féidir na ról seo a fhorbairt agus a úsáid go héifeachtach ar fud suíomhanna FET, agus a thabhairt le chéile laistigh de choláiste comhtháite FET a bheidh ann amach anseo) (SOLAS, 2020, lch. 56).



FÍOR 2:2: FET DE RÉIR CINEÁLACHA LEATHANA SOLÁTHAIR (SOLAS, 2020, LCH. 24)

2.7 Cleachtóirí FET agus IVET

Sainmhíonn an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna um Fhorbairt Ghairmiúil 2017 -2019 cleachtóir FET mar “anyone working in the sector who is involved in working directly with learners or in supporting or influencing the learner experience in FET” (aon duine atá ag obair san earnáil a bhfuil baint acu le bheith ag obair go díreach le foghlaimeoirí nó ag tacú le heispéireas an fhoghlaimora i FET nó ag imirt tionchair air) (SOLAS & BOO Éireann, 2017, lch. 16). De réir na Próifíle Scileanna FET (2017), is féidir na 54 ról poist a chatagóiriú mar chleachtóirí foghlama (72% den lucht saothair), bainisteoirí (14%), agus foireann tacaíochta agus riaracháin (13%). Deirtear i dtaighde SOLAS gur ag 71% “of learning practitioners currently hold a teaching/training qualification” (de chleachtóirí foghlama atá cáilíocht teagaisc/oiliúna faoi láthair) (lch. 16). Ní léir an bhfaightear na cáilíochtaí teagaisc/oiliúna seo trí oiliúint tosaigh múinteoirí, trí ghearrchúrsaí ‘oiliúint an oiliúnóra’ nó trí dhámhachtainí oiliúna.

I mí na Samhna 2009, d’fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú), ina leagtar amach riachtanais na Comhairle do dhaoine ar mian leo a bheith ina múinteoirí cláraithe in Éirinn. In 2011, foilsíodh Further Education: General and Programme Requirements for the Accreditation of Teacher Education Qualifications, rud a chuireann Bealach 3 ar fáil chun múinteoirí a chlárú in FET leis an gComhairle Mhúinteoireachta (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2011). Faoi láthair, is féidir le múinteoirí a fuair oiliúint mar mhúinteoirí dara leibhéal agus atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta trí Bhealach 2 oibriú i suíomhanna FET. Tugadh Bealach 3 isteach chun a aithint go dtagann roinnt suíomhanna FET faoi alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001, a bhaineann le Scoileanna Cláraithe. Éilíonn na scoileanna seo ar mhúinteoirí a fhostaíonn siad a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun go n-íocfar iad le cistí ón Stát.

Mar a deir Grummell agus Murray (2015), “The further education sector is staffed by tutors with high levels of vocational and experiential knowledge as practitioners, rather than formal teaching or other academic qualifications. (Tá teagascóirí ag a bhfuil ardeibhéal eolais gairme agus taithe mar chleachtóirí san earnáil bhreisoideachais, seachas teagasc foirmiúil nó cáilíochtaí acadúla eile mar fhoireann ag an earnáil breisoideachais). The practitioner emphasis is typical of adult and community education professional identity rather than the formal schooling or higher education sectors where professional qualifications are valued” (Tá an bhéim ar an gcleachtóir ina shaintréith ag sainiúlacht ghairmiúil an oideachais aosaigh agus phobail seachas earnálacha na scoláíochta foirmiúla nó ardoideachais, áiteanna a bhfuil meas ar cháilíochtaí gairmiúla) (lch. 438).

In 2019, rangáíodh catagóirí Múinteoirí/Oiliúnóirí Gairmoideachais agus Oiliúna i dTuarascáil CEDEFOP ReferNet Ireland Report mar seo a leanas: Múinteoirí (cúrsaí PLC agus SDOG (Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais); Teagascóirí Printíseachta; Léachtóirí Printíseachta; Teagascóirí Obairbhunaithe; Teagascóir/Oiliúnóirí. Faoi láthair, ní cheanglaítear ach ar Múinteoirí atá ag obair i gcúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC) nó i scoileanna atá aitheanta faoi alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Bíonn na riachtanais éagsúil ar fud na ról nach múinteoirí iad: “tutor/trainers work on programmes of training (other than apprenticeship) or education (e.g. adult literacy), often on programmes aimed at the unemployed (e.g. specific skills training or other VET programmes), or early school leavers (general education). (Oibríonn teagascóirí/oiliúnóirí ar chlár oiliúna (seachas printíseacht) nó ar chlár oideachais (m.sh. litearthacht d’aosaigh), go minic ar chlár atá dírithe ar dhaoine difhostaithe (m.sh. oiliúint i sainscileanna nó clár VET eile), nó i gclár do luathfhágálaithe scoile (oideachas ginearálta)). For other types of VET training in the FET sector, the qualifications and professional standards of trainers vary. (Maidir le cineálacha eile oiliúna gairmoideachais agus gairmoiliúna san earnáil FET, athraíonn cáilíochtaí agus caighdeáin ghairmiúla na n-oiliúnóirí). In general, programmes leading to a QQI award require a subject matter qualification (usually one level higher than that of the course being taught), a pedagogical qualification (usually at third level) and 5 years’ industry experience. (Go ginearálta, éilíonn clár as a dtagann dámhachtain QQI cáilíocht ábhair (leibhéal amháin níos airde ná leibhéal an chúrsa atá á mhúineadh de ghnáth), cáilíocht oideolaíoch (ag an tríú leibhéal de ghnáth) agus taithí tionscail 5 bliana). For all other training e.g. computing, accounting, trainer profiles tend to vary depending on the awarding body, the subject matter being taught and the provider” (Maidir le gach oiliúint eile e.g. ríomhaireacht, cuntasáíocht, próifílí traenáilaithe, is gnách go n-athraíonn siad ag brath ar an gcomhlacht dámhachtana, ar an ábhar atá á mhúineadh agus ar an soláthraí) (Burke, Condon agus Hogan, 2019, lch. 38).

2.8 An tAontas Eorpach agus Múinteoirí Gairmoideachais agus Gairmoiliúna

Admhaítear i bhfoilseachán na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) Teachers and Leaders in VET (2021) “that teachers need to develop the digital and soft skills of their students, as these are increasingly in demand in the labour market. (go gcaithfidh múinteoirí scileanna digiteacha agus boga a gcuid mac léinn a fhorbairt, toisc go bhfuil an t-éileamh atá orthu seo sa mhargadh saothair ag dul i méid). To do this, teachers need to have knowledge of innovative pedagogical approaches that foster the development of these skills. (Chun é seo a dhéanamh, ní mór do mhúinteoirí eolas a bheith acu ar chuir chuige oideolaíoch nuálacha a chothaíonn forbairt na scileanna seo). They also need to have strong digital skills themselves, to be able to use new technologies in teaching and remain up to speed with technological innovations in the workplace” (Ní mór dóibh scileanna láidre digiteacha a bheith acu iad féin freisin, chun go mbeidh siad in ann teicneolaíochtaí nua a úsáid sa teagasc agus chun go mbeidh siad cothrom le dáta le nuálaíochtaí teicneolaíochta san ionad oibre) (lch. 91). Tugtar le fios sa tuarascáil “designing appropriate Initial Teacher Education and Training (ITET) programmes for VET teachers is important to ensure a good mix of pedagogical skills, vocational competence and industry knowledge” (go bhfuil sé tábhachtach clár Oideachais agus Oiliúna Tosaigh Múinteoirí (ITET) cuí a dheardh do mhúinteoirí Gairmoideachais agus Oiliúna chun meascán maith de scileanna oideolaíoch, inniúlacht ghairme agus eolas tionscail a chinntiú) (Musset, Kuczera agus Field, 2014, lch. 87). Tá tionchar suntasach ag leibhéal gnóthachtála oideachais múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, mar aon le taithí oibre agus deiseanna leanúnacha foghlama, ar a n-inniúlacht teagaisc, mar a deimhníodh i gcás na Cóiré (Kim agus Phang, 2018). Tugann siad le fios go bhfuil scileanna agus eolas praiticiúil atá ábhartha don tionscal tábhachtach do mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, nach bhfuil ach cáilíochtaí acadúla acu, agus go bhfuil oiliúint i scileanna oideolaíoch ag teastáil ó mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoideachais nach bhfuil staidéar acadúil déanta acu. Leagtar béim sa tuarascáil ar an méid seo: “in Australia, a national study (2015-17) found that higher qualifications in VET teaching, especially at degree level, made a significant difference to VET teachers’ skills, confidence and quality” (san Astráil, fuarthas amach i staidéar náisiúnta (2015-17) go ndearna ardcháilíochtaí i dteagasc gairmoideachais agus gairmoiliúna, go háirithe ag leibhéal céime, difríocht shuntasach do scileanna, muintín agus cáilíocht na múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna) (Smith, 2019).

Fuarthas amach i dtuarascáil ECFE freisin “having strong pedagogical skills will also support teachers when engaging with a diverse group of students...VET teachers teach more diverse groups of students with different abilities and different aspirations.

[S]oft skills are playing an increasingly important role in the labour market, and VET teachers need to develop these skills among their students” (go dtacóidh scileanna láidre oideolaíochta le múinteoirí freisin agus iad ag plé le grúpa éagsúil mac léinn... múineann múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna grúpaí níos éagsúla mac léinn ina bhfuil cumais éagsúla agus mianta éagsúla. Tá ról na scileanna boga sa mhargadh saothair ag éirí níos tábhachtaí, agus ní mór do mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna na scileanna sin a fhorbairt i measc a gcuid mac léinn) (lch. 93).

Maidir le riachtanais PD múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, “the most pressing training needs ... are information and communications technology (ICT) skills (46% of VET teachers), teaching in a multicultural learning environment (45%), and individualised learning (43%), but there are substantial differences between countries” (is iad na riachtanais oiliúna is práinní... ná scileanna teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) (46% de mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna), teagasc i dtimpeallacht foghlama ilchultúrtha (45%), agus foghlaim atá sxaincheaptha don duine aonair (43%), ach tá difríochtaí suntasacha idir tíortha) (lch. 112).

Tugtar le fios sa tuarascáil gur aithníodh “practical and collaborative learning (82% and 75%, respectively) were also identified as a characteristic of PD by a large share of VET teachers who reported that their PD had a positive impact on their teaching. (foghlaim phraiticiúil agus chomhoibríoch (82% agus 75%, faoi seach) freisin mar shaintréith PD ag sciar mór de mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna a thuairiscigh go raibh tionchar dearfach ag a PD ar a gcuid teagaisc). Collaborative learning can have many benefits, as involving teachers within the same VET institution or across different VET institutions can motivate them to learn new practices, and plan and implement putting their newly learned techniques into practice. (Is iomaí buntáiste a bhaineann le foghlaim chomhoibríoch, mar féadann rannpháirtiú múinteoirí san institiúid ghairmoideachais agus ghairmoiliúna chéanna nó ar fud institiúidí éagsúla gairmoideachais agus gairmoiliúna na múinteoirí sin a spreagadh chun cleachtais nua a fhoghlaim, agus a dteicnící nua-fhoghlamtha a phleanáil agus a chur i bhfeidhm). Collaborative approaches to PD enhance motivation, responsibility and professionalism” (Feabhsaíonn cuir chuige chomhoibrítheacha i leith PD spreagadh, freagracht agus gairmiúlacht) (2021, lch. 113).

Is é tátal Thuarascáil ECFE: “a number of emerging pedagogical approaches and technologies are available for VET teachers, which facilitate developing their students’ digital and soft skills while teaching vocational skills. (tá roinnt cur chuige agus teicneolaíochtaí oideolaíochta atá ag teacht chun cinn ar fáil do mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, a éascaíonn scileanna digiteacha agus boga a gcuid mac léinn a fhorbairt agus iad ag múineadh scileanna gairme). To use those teaching tools and methods, VET teachers need access to high quality professional development opportunities, as well as peer learning opportunities, so they can update their practice and increase their confidence in the use of technology. (Chun na huirlisí agus na modhanna teagaisc sin a úsáid, teastaíonn rochtain ó mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna ar dheiseanna forbartha gairmiúla ar archaighdeán, chomh maith le deiseanna piarfhoghlama, ionas gur féidir leo a gcleachtas a nuashonrú agus a muinín in úsáid na teicneolaíochta a mhéadú). Moreover, strong ties between VET institutions and employers allows teachers to learn about new technology developments as well as labour market demands” (Thairis sin, tugann ceangail láidre idir institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus fostóirí deis do mhúinteoirí foghlaim faoi fhorbairtí teicneolaíochta nua chomh maith le héilimh ar an margadh saothair) (2021, lch. 157)

Fuair an ECFE amach “flexible recruitment and time arrangements make it easier to hire industry professionals and allow VET teachers to also work in industry to bring up-to-date industry knowledge to VET, but casual VET teachers have no clear career prospects, and much more limited employment benefits (e.g. paid annual leave) than those employed on a permanent contract” (go bhfuil sé níos éasca gairmithe tionscail a fhosú mar gheall ar shocruithe solúbtha earcaíochta agus ama agus ligean do mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna oibriú i dtionscail freisin chun eolas tionscail cothrom le dáta a thabhairt don VET, ach níl aon ionchais shoiléire ghairme ag múinteoirí ócáideacha, agus sochair fostaíochta i bhfad níos teoranta (m.sh. saoire bhliantúil le pá) ná iad siúd atá fostaithe ar chonradh buan) (2021, lch. 44).

Sa Rún ón gComhairle Eorpach maidir le Clár Oibre Eorpach Athnuaite don Fhoghlaim Aosach iarradh réimsí tosaíochta lena n-áirítear feabhas a chur ar cháilíocht na foirne oideachais aosach, mar shampla trí phróifílí inniúlachta a shainiú; córais éifeachtacha a bhunú d’oiliúint tosaigh agus PD; agus soghluaisteacht múinteoirí, oiliúnóirí agus ball foirne eile oideachais aosach a éascú (Comhairle an Aontais Eorpaigh, 2011).

2.9 Córas Gairmoideachais agus Gairmoiliúna na hÉireann

Tá córas gairmoideachais agus gairmoiliúna na hÉireann comhdhéanta den chuid is mó de chlár gairmoideachais agus gairmoiliúna a chuirtear ar fáil trí phrintíseachtaí agus cúrsaí oiliúna, gnéithe gairme agus dámhachtainí laistigh de sholáthar cúrsaí PLC agus roinnt gnéithe den SDOG agus roinnt Ionaid Ógtheagmhála. Tá clár oiliúna scileanna ar leith ann freisin atá dírithe ar dhaoine difhostaithe.

Rinneadh sraith athchóirithe ar chóras printíseachta na hÉireann tar éis 2016 agus mar thoradh air sin leathnaíodh clár phrintíseachta ó FET isteach san earnáil ardoideachais ar fud 65 clár agus ó Leibhéal 6 go Leibhéal 10 ar an gcreat QQI. Tá cúrsaí lar-Ardeistiméireachta dírithe ar fhoghlaimoírí a bhfuil scrúdú na hArdteistiméireachta déanta acu ag deireadh an mheánoideachais shinsearaigh. Is cúrsaí lánaimseartha iad a mhaireann idir bliain amháin agus dhá bhliain (Burke, Condon agus Hogan, 2019). Cuireann cúrsaí lar-Ardeistiméireachta cúrsaí gairme (gruagaireacht, áilleacht, slándáil) agus oideachas ginearálta (ealaín, dearadh, síceolaíocht) ar fáil do dhaoine óga agus d'fhoghlaimoírí lánfhásta. Tairgeann formhór na gcúrsaí gné taithe oibre.

MAIN VET PROGRAMMES	TYPICAL DURATION	AWARDS	TYPICAL FIELDS OF LEARNING	NO OF ENROLMENTS	PROVIDER
Pre-2016 Craft Apprenticeship	4 Years	NFQ 6 ECF 5	Engineering & construction	7000	ETB & institutes of technology
Pre-2016 Craft Apprenticeship	2-4 Years	NFQ 5-10		100	ETB & institutes of technology
Traineeship	6 months- 2 years	NFQ 4-6 EQF	Health/welfare; services	4500	ETB
Traineeship for the employed		NFQ 4-6			ETB
Specific Skills Training	6 weeks - 24 weeks	NFQ 4-5 EQF	Engineering & construction	15400	ETB
PLC courses	1-2 years	NFQ 5-6 EQF	Health/welfare; services; business	32000	ETB
VTOS	Varies; typically 1-2 years	NFQ 4-6 EQF	Business; services	8900	ETB

TÁBLA 2.2: SAINTRÉITHE NA BPRÍOMHCHLÁR GAIRMOIDEACHAIS AGUS GAIRMOILIÚNA IN ÉIRINN (BURKE, CONDON AGUS HOGAN, 2019, LCH. 25)

Is deiseanna foghlama dara seans iad clár SDOG do dhaoine fásta difhostaithe (Burke, Condon agus Hogan, 2019). Tairgeann siad réimse cúrsaí ar nós bunchúrsaí agus bonnchúrsaí sa litearthacht agus san uimhearthacht agus scileanna praiticiúla, cúrsaí as a leanann scrúduithe Stáit ar nós cúrsaí an Teastais Shóisearaigh nó na hArdteistiméireachta agus PLC. Cuirtear clár Ógtheagmhála ar fáil trí na BOOanna agus tá siad dírithe ar luathfhágáilithe scoile. Tairgeann siad dámhachtainí éagsúla ag Leibhéal 3, Leibhéal 4 agus Leibhéal 5 QQI do dhaoine idir 15 -20 bliain d'aois. Tá roinnt gnéithe gairme ag gabháil leis na dámhachtainí lena n-áirítear scileanna infhostaitheachta agus scileanna saoil, chomh maith le scileanna praiticiúla in adhmaóireacht, lónadóireacht agus gruagaireacht.

Tá VET in Éirinn freagrúil do roinnt príomhbheartas agus straitéisí náisiúnta, lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025, an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach, an Clár Post sa Todhchaí 2018, an Straitéis um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) i mBreisoideachas agus Oiliúint 2016 -2019 agus na straitéisí SOLAS a fhoilsítear gach cúig bliana. Sa straitéis reatha, Future FET: Transforming Learning 2020 -2024, cuirtear plean uaillmhianach i láthair chun soláthar FET a chomhtháthú agus a chomhdhlúthú faoi Choláiste FET na Todhchaí.

2.10 Coláiste FET na Todhchaí

Déanfaidh fíis SOLAS Choláiste FET na Todhchaí “consolidate existing FET provision within a single integrated college structure that incorporates the previous functions of both colleges of FET centres. (soláthar FET reatha a chomhdhlúthú laistigh de struchtúr coláiste chomhtháite aonair a chuimsíonn feidhmeanna a bhí ag an dá choláiste d’ionaid FET roimhe seo). It will offer courses designed to facilitate immediate entry to careers and employment and those that link directly to further study in HE and explore opportunities for co-delivery with higher education institutions via 1+2 and 2+2 type models” (Cuirfidh sé cúrsaí ar fáil atá deartha chun iontráil láithreach i ngairmeacha agus i bhfostaíocht a éascú mar aon leo siúd a nascann go díreach le staidéar breise san Ardoideachas. Lena chois sin pléitear deiseanna comhsheachadta le hinstitiúidí ardoideachais a fhiosrú trí mhúnlaí den chineál 1+2 agus 2+2) (SOLAS, 2020, lch. 38). Tógfaidh Coláiste FET na Todhchaí ar an soláthar FET reatha agus ag an am céanna déanfaidh sé soláthar – soláthraithe, cúrsaí agus cláir, meicníochtaí soláthar foirne – a chomhdhlúthú agus a chomhtháthú ar fud na tíre faoi fhócas réigiúnach BOOanna. Tá sé seo ar siúl cheana féin le hathlonnú clár agus foirne chuig struchtúir lárraithe de chineál ‘campais’ do choláistí FE faoi gach BOO. Cuirfidh na campais seo speisialtóireacht lárraithe nó sraith speisialtachtóireachtaí ar fáil d’fhoghlaimoirí chun rochtain a fháil orthu, agus bealach dul chun cinn trédhearcach, soiléir á chur ar fáil acu trí Leibhéal 5 agus 6 QQI chuig ardoideachas nó fostaíocht.

Deir SOLAS “at least 30% of the Level 5 and 6 FET course offering will be work-based or practice-based, delivered by FET practitioners who keep their skills and the learning content they deliver up to date to reflect industry requirements. (go mbeidh 30% ar a laghad den chúrsa FET Leibhéal 5 agus 6 bunaithe ar obair nó ar chleachtas, arna sheachadadh ag cleachtóirí FET a choinníonn a gcuid scileanna agus an t-ábhar foghlama a sholáthraíonn siad cothrom le dáta chun riachtanais tionscail a léiriú). The development of consistent and structured work placements will be particularly important in ensuring success, with internship models worthy of further explorations, and mechanisms like Erasmus used to facilitate an international dimension to the placement approach” (Beidh forbairt socrúcháin oibre comhsheasmhach, struchtúrtha thar a bheith tábhachtach chun rath a chinntiú, agus úsáidfear samhlaíocht intéirneachta ar fiú tuilleadh iniúchadh a dhéanamh orthu, chomh maith le sásraí ar nós Erasmus chun gné idirnáisiúnta a éascú do chur chuige an tsocrúcháin) (SOLAS, 2020, lch. 40).

Tugtar le fios i straitéis SOLAS freisin go mbeidh tras-scileanna nó scileanna ‘meta’ “critical to prospering in the future world of work, and all vocational FET offerings must contain components that build capability in areas like complex problem solving, critical thinking, creativity and people management, providing FET graduates with labour market skills or preparing them to succeed if they transition to higher education” (ríthábhachtach chun rath a bhaint amach i saol na hoibre amach anseo, agus ní mór gnéithe a bheith i ngach tairiscint FET gairme a chothaíonn cumas i réimsí cosúil le réiteach fadhbanna casta, smaointeoireacht chriticiúil, cruthaitheacht agus bainistíocht daoine, rudaí a thugann scileanna don mhargadh saothair do chéimithe FET nó a ullmhaíonn iad chun go n-éireoidh leo má aistríonn siad go dtí an t-ardoideachas) (SOLAS, 2020, lch. 40).

Beidh tionchar ag an gCreat chun soláthar FET a athstruchtúró ar an gcaoi a dtéann foghlaimeoirí ar aghaidh tríd an gcóras FET agus ar an nasc idir FET agus ardoideachas trí chur chuige nua i leith oideachais treasaigh.



FÍOR 2.3: CREAT CHUN SOLÁTHAR FET A ATHSTRUCHTÚRÚ (FOINSE: SOLAS, 2020, LCH. 53)

3. BAILIÚ SONRAÍ

Is staidéar féidearthachta tosaigh é an staidéar seo ar leathnú eTwinning ó shuíomhanna éigeantacha scoile in Éirinn go suíomhanna IVET mar chuid de FET. Rinneadh an cinneadh agallamh a chur ar líon beag páirtithe leasmhara in eTwinning agus san earnáil FET in Éirinn. Aithníodh sampla beag de thrí gheallsealbhoir déag trí shampláil chuspóireach agus cuireadh agallamh orthu. Cuireadh toiliú feasach agus ráiteas i dteanga shimplí ar fáil do gach agalláí de réir an dea-chleachtais eiticíúil. Rinneadh gach agallamh ar Zoom agus rinneadh an taifeadadh fuaimne a thras-scríobh. Bhí na hagallaimh leathstruchtúrtha agus mhair siad ar feadh 30 nóiméad ar an meán. Rinneadh dhá agallamh déag, agus thug rannpháirtí amháin freagraí ar threoir agallaimh trí théacs.

Ar na hagallaithe áiríodh: cúigear cleachtóirí in FET ar fud na tíre a raibh baint acu le bainistiú, comhordú nó seachadadh dámhachtainí IVET ar Chreat QQI ag Leibhéal 5 nó 6 agus/nó a raibh baint acu le comhordú agus eagrú tionscadal Erasmus+ KA1 nó KA2 (FE1 go FE5); triúr gairmmhúinteoirí ón bPolainn, ó Phoblacht na Seice, ón Ostair (VT1 go VT3); ceathrar ball de NSO na hÉireann – (NSO1 go NSO4), agus Comhordaitheoir sinsearach Coord1 a bhfuil baint aige le gníomhaíochtaí comhordaithe náisiúnta ar idirnáisiúnú in FET. Rinneadh freagraí a anaithnidíú de réir treoirlínte eiticíúla.

CLEACHTÓIRÍ FET (N=5)	GAIRMMHÚINTEOIRÍ AE (N=3)	BAILL DE NSO NA HÉIREANN	COMHORDAITHEOIR SINSEARACH
FE1	VT1	NSO1	Coord1
FE2	VT2	NSO2	
FE3	VT3	NSO3	
FE4		NSO4	
FE5			

TÁBLA 3.1: MIONDEALÚ AR RANNPHÁIRTITHE

4. TORTHAÍ TAIGHDE

Sna rannóga seo a leanas cuirtear torthaí na 10 n-agallamh agus freagra téacs amháin i láthair. Bhí gach agallamh á threorú ag sraith ceisteanna a bhain le heolas an rannpháirtí ar IVET agus eTwinning; a n-eolas nó a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí AE; úsáid a bhaineann siad as ardáin agus líonraí ar líne atá ann cheana; na buntáistí nó na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag eTwinning do IVET; agus aon mholtaí maidir leis an gcaoi a bhféadfaí coincheap eTwinning a chur i láthair do sholáthraithe IVET.

4.1 Próiseas Athraithe faoi lán seoil in FET

Tá riachtanas ann faoi láthair go ndéanfadh gach ETB sonraí soiléire cuimsitheacha a sholáthar maidir lena soláthar FET. Tá soiléiriú an tsoláthair FET mar chuid de chur chuige deich mbliana ar fad trí straitéisí náisiúnta SOLAS chun feasacht ar FET a sholáthar agus chun comhsheasmhacht cur i láthair deiseanna FET don phobal a fheabhsú (SOLAS, 2014; SOLAS, 2020).

Áirítear leis seo coláistí a athainmniú agus cúrsaí agus cláir a athlonnú faoi cheanteidil speisialtóireachtaí ar leith; agus suíomhanna coláiste FET a athbhrandáil mar 'champs'. Cé go ndírítear ar Leibhéal 5 agus 6 ar dtús, aistroidh sé ansin chuig oideachas pobail agus oideachas aosach. Tá sé i gceist go n-éascóidh an comhtháthú seo bealach dul chun cinn soiléir agus inaitheanta d'fhoghlaimoírí tríd an gcóras FET. Dar le rannpháirtí amháin, "So it's kind of a five year plan of amalgamation, starting with the FE colleges, and then bringing in community education and literacy services after" (FE1).

Chuir FE3 i dtábhacht gur féidir leis na hearnálacha FET agus PLC daoine a ullmhú go han-mhaith don Choláiste freisin: "I think that anyone who does a PLC, they don't regret it. And because they do say that it has given them that foundation to know how to write assignments to know how to write a bibliography, you know, it is a level five, on some of them are level sixes, of course, and it gives them that stepping stone, then they get into the college and they're in a better frame of mind, they kind of have more sticking power, and they don't drop out as much." Tá an dearcadh seo thar a bheith ábhartha i mbliana mar dúirt an rannpháirtí go raibh an ráta laghdaithe thar a bheith ard. Mhínigh siad go ndeachaigh níos lú mic léinn isteach in FET i mbliana: "but this year, because of obviously, the Leaving Cert and I don't know what it was, it's hard to put your finger on it, maybe extra college places or whatever. But we definitely didn't get as many students in the door this year. And we certainly aren't going to get as many qualifying and coming out the other end with a full qualification" (FE3).

Mhínigh rannpháirtithe FET freisin go bhféadfadh daoine ar scor a bheith ag teacht tríd ar mian leo gairmeacha a athrú: "Sometimes it's a second chance saloon" (FE3). Ciallaíonn sé seo go bhfuil raon aoisghrúpaí in FET a bhfuil cuspóirí difriúla ag a mbaill (FE3).

4.2 Braistint ar Ghairmoideachas agus Ghairmoiliúint

Thug na rannpháirtithe breac-chuntas ar a rannpháirtíocht in IVET mar seo a leanas: gach cúrsa ag Leibhéal 5 agus 6 ag coláistí FE, printíseachtaí in ionaid oiliúna agus ollscoileanna teicneolaíochta, roinnt Ionad Ógtheagmhála agus roinnt seirbhísí clár SDOG (FE1) a d'fhéadfadh a bheith ann. Dúirt siad freisin, áfach, go bhfuil a dtuiscint ar ghairmoiliúint tar éis aistriú le tríocha bliain anuas chuig dearcadh níos leithne "I think we would have seen the further education colleges as one unit, we have a training centre for apprenticeship that would have been very much separate. But I think under the current policy, and under the current policy of the department as well, the idea is to integrate those much more" (FE1).

Léirigh an plé ar IVET easpa soiléireachta go pointe áirithe maidir le cad is IVET ann. Dúirt FE4 "It's a tiny bit of a grey area when you're talking about the initial vocational education as to what exactly you're terming that because we would look.

suppose we're looking at PLC Youthreach. Some of the VTOS programmes as well, but there's a little bit of grey area there, like they're adult focused programmes, but they're in vocational areas" (FE4).

4.3 Stádas agus Bailíochtú an Mhúinteora

Mhínigh FE3 nach féidir leat oibriú mar mhúinteoir i scoil BOO gan aitheantas ón gComhairle Mhúinteoireachta, ach "they we do have hairdressers, we do have dog groomers". Caithfidh siad dul tríd an bpróiseas chun aitheantas a fháil don mhúinteoireacht: "But we've got some teachers who have got one foot in both camps" (FE3).

Maidir le bailíochtú a bheith ag teastáil ón gComhairle Mhúinteoireachta don fhoireann, bhraith FE4: "If you were looking at that as a form of validation, you'd definitely be missing out, I think on certain numbers of staff. But, you know, a lot of people would have Teaching Council registration, though probably getting that number.... it's getting smaller and smaller all the time. Definitely in VTOS and PLC. And apprenticeships is where the big gap probably would be." Thug siad le fios go mbeadh uimhreacha clárúcháin ag gach ionad agus go mbeadh uimhreacha rolla scoile ag go leor acu ar fud líonraí BOO freisin (FE4).

Mhínigh FE5 go bhfuil ról foirne agus bailíochtú in FET ag athrú mar go dtagann [a gcoláiste] faoi scoileanna agus faoi SOLAS agus an BOO anois: "We might have 60 teachers, and 55 of them are teachers registered by the teacher Council, with a teacher council to get paid. But we also have tutors now coming in, who don't have to be registered with the teaching council." Dar leo, "In the future, it'd be a lot more tutors that will be hired by ETBs to work in further education and training." Ciallaíonn sé seo i ndáiríre téarmaí agus coinníollacha níos míbhuntáistí do theagascóirí ná do mhúinteoirí. B'fhéidir gur mhaith leis na teagascóirí seo a bheith páirteach in Erasmus agus eTwinning ach ní bheadh creidiúnú ón gcomhairle múinteoireachta (FE5) acu.

Mhínigh FE4 freisin, dar leo, go bhfuil conarthaí páirtaimseartha níos coitianta san oideachas aosach ná PLCanna agus nach bhfuil aon bheartas foirmiúil ann maidir leis an méid atá baill foirne i dteideal a dhéanamh ó thaobh soghluaisteacht foirne de. Caithfear cinneadh a dhéanamh i dtéarmaí na foirne ar fad, mar "It's not equal if you don't get paid for it" (FE4).

Dúirt FE5 go bhfuil siad ag leanúint na gné cuimsithe de Erasmus, lena chinntiú go dtairgtear soghluaisteacht foirne do gach ball foirne ar fud ranna éagsúla san institiúid. I mbliana bhí áiteanna acu don fhoireann ar fad ach amháin do bhall foirne amháin, a raibh a gconradh críochnaithe acu agus nach raibh incháilithe. Seachas sin, bheadh próiseas roghnúcháin ann; ach ní chuirfeadh nádúr páirtaimseartha a gconartha cosc orthu iarratas a dhéanamh. Cuirtear an tsamhail chascáideach i bhfeidhm sa mhéid is go bhfuiltear ag súil go roinnfidh an fhoireann a gcuid foghlama le daoine eile nuair a fhilleann siad (FE5).

4.4 Eolas ar eTwinning

Tá FE1 sínithe isteach in eTwinning le deich mbliana anuas. Thug siad le fios nár úsáid siad eTwinning le haghaidh tionscadal ach bhain siad níos mó úsáide as le haghaidh teagmhálacha le suíomhanna gairmoideachais agus gairmoilíuna eile, ar nós meánscoileanna sinsearacha agus soghluaisteacht múinteoirí: "People have contacted us usually and in relation to sending teachers, we're usually much more open about teachers, because teachers don't take so much work, with students, you have to get placements and they're your responsibility, with teachers who are coming job shadowing. If at all possible, we nearly always say yes" (FE1).

Thug FE1 le fios gur gnách go maoinítear a soghluaisteacht múinteoirí trí eTwinning trí mhúnlaí maoinithe éagsúla náisiúnta agus AE. Tá deontas Erasmus faighte ag cuid acu cheana féin nó tá siad chun iarratas a dhéanamh an chéad bhliain eile; é sin nó tá maoiniú náisiúnta faighte acu. Dar le FE1, tá ciste náisiúnta ann do mhúinteoirí atá ag iarraidh PD a dhéanamh thar lear: "The Spain one actually has become somewhat problematic in the last year or so because the Spanish government

are pushing for teachers to go for longer periods, before you used to be just maybe a week or so.” Ní hamháin go bhfuil na múinteoirí Spáinneacha ag lorg scáthú poist, ach tá siad ag iarraidh a mhúineadh freisin. Tugann siad le fios go gcothaíonn a gcuid teagaisc dúshláin i gcomhthéacs na hÉireann, mar d’fhéadfadh nach mbeadh na ceardchumainn sásta le múinteoirí idirnáisiúnta a bheith á gcur in ionad múinteoirí Éireannac nach bhfuil á n-íoc. Tá dualgas cúraim ann freisin: “You can’t just leave the Spanish teacher, take over the class, you know, and not be paid for it because of those insurance implications and other implications.” Dar leis an rannpháirtí seo, tá clár ag an Ísiltír freisin ar a dtugtar ‘the Excellence Programme’, a mhaoíníonn múinteoirí chun cuairt a thabhairt ar thíortha eile chun a gcaighdeáin náisiúnta (FE1) a fheabhsú.

4.5 Tábhacht a bhaineann le Aimsiú Comhpháirtithe

Labhair gach rannpháirtí ar comhpháirtithe a aimsiú agus comhpháirtithe a choinneáil mar phróiseas atá tagtha chun cinn le himeacht ama trí chaidrimh agus líonraí atá neartaithe ag gníomhaíocht tionscadail: “Our partner finding I suppose at this stage is largely through the network of partners we have; it’s one partner who knows another partner” (FE1).

Mhínigh FE2 nach raibh siad mar chuid d’aon líonraí ach rinne siad “dícheall cuí agus taighde” chun comhpháirtithe a aimsiú. Chuir siad in iúl gur bhvail siad le comhpháirtithe trí imeacht líonraithe Erasmus ar nós ceann a tionóladh i gCill Mhaighneann. Thug siad le fios: “You get quite a lot of agencies that want to spend your organisational budgets and want to be a partner.” Chuir siad i dtábhacht go lorgaíonn siad comhpháirtithe ar sealbhóirí cairte nó institiúidí cláraithe iad a bhfuil curaclam den chineál céanna acu (FE2).

Baineann na buntáistí a bhaineann le comhpháirtíochtaí ar leith le beartais earnála agus náisiúnta atá ag athrú. Mhínigh FE1 go bhfuil líonra institiúidí móra tairbheach dá mBOO faoi láthair, toisc gur eagraíochtaí an-mhór iad na hinstiúidí comhpháirtíochta ag a bhfuil 15/16,000 mac léinn agus naoi gcampas ar fad in aon choláiste amháin: “And so we were sending a lot of staff, to those colleges at the moment, so that people can get used to the idea of much bigger colleges and how they operate and how that kind of structure works”. Déanann rogha na gcomhpháirtithe dúshláin náisiúnta agus tosaíochtaí Eorpacha (FE1) a ailíniú agus freagairt dóibh.

Bhvail FE5 le comhpháirtithe trí thionscadail chomhpháirtíochta KA2 agus ag imeachtaí TCA arna n - óstáil ag Léargas agus gníomhaireachtaí náisiúnta eile. Tá comhpháirtithe aimsithe acu freisin trí sheimineáir theagmhála. Ní úsáideann siad ardáin do chomhpháirtithe choíche toisc go bhfuil 50 -60 comhpháirtí acu ar fud na hEorpa agus go bhfaigheann siad iarratais go minic ar chomhpháirtithe. Thug siad le fios go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil liosta acu siúd a bhfuil an chairt Erasmus acu, “published by the European Commission in each country that seemed to trigger a lot of cold calls cold emails, and people that I didn’t know, looking to work with us here in Ireland” (FE5).

4.6 Líonraí/Ardáin a úsáid

Mhínigh FE3 gur chuir siad isteach ar sheimineár déanta teagmhálaithe i mBeirlín nuair a thosaigh siad in Erasmus den chéad uair díreach roimh an mBreatimeacht: “I really felt overwhelmed and inundated with loads of offers and people trying to get students because they want to learn English.” Is gnách leo scéala ó bhéal go béal a úsáid agus labhairt le comhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu. Thiomáin siad go Gaillimh agus labhair siad le comhghleacaí i mBOO eile a bhí tar éis postáil ar na meáin shóisialta faoina gcuid gníomhaíochtaí AE. Chláraigh siad le haghaidh EPALE ach ní raibh mórán ama acu chun féachaint air mar gheall ar réimse rólanna a thógann am (FE3).

Chuir FE4 eolas ar eTwinning ag imeachtaí Léargas agus ‘sárthaispeántas cleachtas’. Creideann siad go rachadh ardán eTwinning chun tairbhe do dhaoine nua ag Erasmus in IVET. Úsáideann siad EPALE agus bhí comhghleacaithe i láthair ag ócáid oiliúna ar an ardán. Baineann siad úsáid as den chuid is mó chun oiliúint nó imeachtaí eile atá ag teacht aníos (FE4) a lorg.

Mhínigh FE4 go bhfuil líonra neamhfhoirmiúil daoine acu ar fud ETBanna atá ag obair sa ról don bhforbairt foghlama gairmiúla, rud atá tairbheach. Bheadh freagracht tionscadail AE ar chuid de na comhghleacaithe sin chomh maith. Chomh maith leis sin, dhéanfaidís nasc le Léargas agus le líonra neamhfhoirmiúil Erasmus chun teacht le chéile gach cúpla mí chun cleachtas a roinnt. Is anseo a fheiceann siad na difríochtaí idir na BOOanna agus an chaoi a bhfuil siad ag obair laistigh de thionscadail AE. Thug siad le fios go bhfuil deis ann do BOOanna: “[to] run with Erasmus the same way that the universities would have” (FE4).

Bhí FE5 ar an eolas faoi EPALE agus eTwinning, ach “never looked at eTwinning as something that in VET we could benefit from” (FE5).

Dúirt Coord1 go bhfuil an-chur amach ag na daoine a bhfuil siad ag obair leo ar fud na mBOOanna ar EPALE agus Léargas: “These will be their go-to places, you know, when it comes to trying to find potential partner collaboration opportunities” (Coord1).

Labhair Coord1 faoina dtaithe ar ardáin chomhoibritheacha mar chuid de mhaoiniú AE agus maoiniú eile, ach bhraith sé gurb é an rud atá in easnamh go minic ná “a clear strategy for a sustainable use case or a sustainable use model for how these things are going to actually be made, and integrate into everyday work”. An tuairim a bhí acu ná má tá tú ag iarraidh “[to] push the usability from a top down approach, we’re always going to be fighting a losing battle”. Mhol siad gur gá dreasacht a bheith ann: “a good reason that people would think to themselves, yeah we need to plug into this because there is something critical here that we need to do” (Coord1).

Thagair Coord1 do thaithe ar thionscadail a maoiníodh roimhe seo ag an Aontas, inar chinntigh an tAontas go raibh ar aon iarratas cistiúcháin ina dhiaidh sin sa réimse earnála ar leith tógáil ar obair tionscadal ainmnithe. Measann siad: “[that] you just stood a greater likelihood of winning funding and being involved with international projects” (Coord1). D’aithin siad na dúshláin a bhaineann le déileáil leis an earnáil phoiblí a bhfuil spreagthaí éagsúla ag a baill chun dul i dteagmháil le tionscadail sheachtracha nó le maoinitheoirí seachtracha (Coord1).

Creideann siad nach bhfuil an earnáil phoiblí spreagtha ag brabús nó cailteanas nó fás, mar sin ní mór duit cineál éigin eile dreasachta a bheith agat. Threisigh siad go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag na páirtithe leasmhara agus cad is mór acu (Coord1).

4.7 Dúshláin maidir le Erasmus+

Tá cáineadh déanta ar an múnla nua maoinithe ina bhfaightear maoiniú sula ndeimhnítear comhpháirtíochtaí. D’fhéadfadh a bheith mar thoradh air seo go rachfaí i dteagmháil le seirbhísí FET le haghaidh comhpháirtíochtaí ina bhfuil maoiniú faighte ag eagraíochtaí agus nach bhfuil planáil iomlán déanta acu maidir leis an ngníomhaíocht shoghluaisteachta. Mar a mhínigh FE1, “And I think that’s the fault of the current programme”. Mheas siad gur ghá d’iarratasóirí sa mhúnla roimhe comhpháirtíocht a fháil sular tugtaí maoiniú dóibh ach tugann an clár reatha Erasmus+ maoiniú ar dtús, “And I think that’s actually a backward step. I think it means that people are getting funding, but they don’t even know where they’re sending the students” (FE1).

Mhínigh FE3 gur féidir le gníomhaíochtaí Erasmus in FET a bheith dúshlánach, toisc nach bhfuil ach bliain amháin agat leis na mic léinn ó lár mhí Mheán Fómhair go dtí deireadh mhí Aibreáin. “Yeah, you know, so it’s very hard to get to know a student in that very short timeframe, because we have to start interviewing in October or November to get people on a plane in January. So you are still trying to get to grips with you know, will these people sink or swim will they will they be suitable candidates to go.” Mhínigh siad go bhfuil sé níos fearr comhpháirtithe a bheith ann ar féidir leo níos mó mac léinn a ghlacadh, mar go gcaithfidh siad duine tionlacain a sheoladh anonn: tá níos lú deiseanna ag mic léinn agus níos lú taithe acu ar áit oibre agus/nó ar shoghluaisteacht (FE3).

Labhair FE3 faoin dúshlán a bhaineann le difríocht aoise na mac léinn idir tíortha agus a gcórais IVET: "Sometimes it's easier not to take students back even though that does not go with the ethos of Erasmus because we find that some of the IVET colleges, especially in the likes of France, where they mightn't have very good English and they take students from the ages of 16, 17 and 18." Mhínigh siad go bhfuil sé dúshlánach dóibh mar sholáthraithe FET socrúcháin a aimsiú do mhic léinn atá 16 bliana d'aois le haghaidh socrúcháin i suíomh cúram sláinte. Labhair siad ar chaighdeán na mac léinn ón nGearmáin ar mhaithe le soghluaisteacht cúram leanaí mar "really, really good" mar go bhfuil na mic léinn Ghearmánacha in oideachas cúram leanaí le ceithre nó cúig mhí anuas. Tugann siad le fios, i gcás foghlaimoirí, "the PLC can be a taster for some topics but in childcare it is a short period of time for training in comparison to some of the EU systems, which are three or four years" (FE3).

D'ardaigh FE4 ceist an ama arís, "as the FET year is approximately 32 weeks and the apprenticeship training goes in phases. Learners can be on the job a lot of the time so there can be challenges" (FE4).

Mhínigh FE5 gur mhol comhpháirtithe dóibh socrúcháin cheithre seachtaine a shocrú d'fhoghlaimoirí. Mhínigh siad: "They're always very surprised that we can only do that short period, because they can do a lot more as they have their students for longer in vocational education, especially in Finland" (FE5).

Leag FE5 béim freisin ar an réimse deimhniúcháin atá éigeantach do rannpháirtíocht Erasmus ach cheistigh sé luach Euro-pass in Éirinn. Thug siad le fios go dtaifeadtar rannpháirtíocht sa Ríocht Aontaithe do theagascóirí/mhúinteoirí mar chuid dá n-uaireanta FGL, ach níl aon chóras ann chuige seo in Éirinn (FE5).

4.8 Tionchar COVID

Mhínigh FE1 go mbeadh na modhanna cumarsáide idir comhpháirtithe teoranta roimh COVID: "it would have been almost all either phone or email communication, probably 90%, email and 10% phone. For that has certainly changed dramatically in the last two years. I think we've probably have conferences with all of our partners, online you know."

Mhínigh FE1 gur cheannaigh an BOO MS Teams mar ardán do chumarsáid ar líne, cé go n-úsáidfidís Zoom le coláistí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Ceistíodh an gá atá le eTwinning a úsáid le haghaidh cumarsáide nó plé ar líne:

"And if we're doing that, now then why would we do it through the eTwinning as distinct from Zoom as distinct from Teams or say a group that meets or whatever. You know, different partners have different platforms, they prefer kind of thing. I suppose perhaps if a similar platform was available through eTwinning, and if it was regarded as secure..." (FE1).

Thug FE3 le fios go bhfuil frustrachas ar mhúinteoirí faoin teicneolaíocht i láthair na huaire, cé go raibh a lán IVET ar líne anuraidh, agus tá measúnuithe fós á scrúdú ar líne. Tá gá le teacht ar an gcothromaíocht idir cóip chrua agus cóip bhog agus próisis duine le duine agus próisis ar líne.

4.9 Ullmhú Teanga in Erasmus+

Ceann de na dúshláin do IVET in Éirinn is ea an easpa teagaisc teanga ar fud suíomhanna FET. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil aon mhúinteoirí teanga ná acmhainní sa chóras le hoiliúint teanga ná gníomhaíochtaí tacaíochta a chur ar fáil a dteastaíonn ullmhúcháin nó aistriúcháin uathu. Cuireann siad ullmhúcháin teanga ar fáil tríd an uirlis Teanga Eorpach agus bíonn torthaí measctha air: "So we do use it. If I'm honest, is it a success? No. I suppose really, like the language thing for us if you're dealing with older students in particular. Like it's a very difficult one, because we don't provide languages generally within the FE colleges anyway" (FE1).

Is múinteoir teanga é FE2 agus labhraíonn sé roinnt teangacha. Thug siad le fios nach múineann a gcoláiste, ar Coláiste mór Breisoideachais é, aon teangacha iasachta. Fuair siad amach nuair a chuir sé foghlaim teanga ar fáil, go raibh leibhéal agus cumas teanga an-íseal ag na mic léinn a tháinig isteach agus thóg sé i bhfad níos mó ama ná an dá nó trí uair an chloig a bhí ar an amchlár gach seachtain. Dá bharr sin, de réir a dtaithe féin, is féidir leis an OLS (Tacaíocht Teanga Ar Líne) a bheith ina “hard sell” (FE2).

Labhair FE5 freisin faoin OLS, an uirlis tacaíochta teanga ar líne, agus an chaoi nach n-oireann sé don fheidhm: “And I would prefer to go back to the old way, have the money, pay the teacher, give them the classes, this online platform – like they have to do the first test. And they all get an A1, which is one of the worst results you can get, then they don’t have to do the course – but then they have to do the second assessment.” Mhínigh siad gur teanndíol é an OLS do mhic léinn nach bhfuil ar an gcúrsa ach ar feadh 26 seachtaine sna ranganna. Mhothaigh siad go raibh luach sa sainfhoclóir gairme ach d’admhaigh siad freisin nár bhain siad úsáid as an gciste bainistíochta do theangacha. Tá sé sin amhlaidh toisc go bhfuil an OLS acu ach tá a fhios acu nach leor é (FE5).

Mhínigh FE2 go mbíodh siad ag cur ullmhúcháin chultúrtha ar fáil le cainteoir dúchais a bhíodh ag múineadh príomhfrásaí agus tuiscint chultúrtha, ach d’athraigh na línte buiséid. Níl aon toil san eagraíocht ullmhúchán teanga nó cultúrtha a chur ar fáil as buiséad na heagraíochta (FE2).

Dúirt FE1 go bhfuil nasc idir na dúshláin a bhaineann le hullmhú teanga nó gníomhaíochtaí agus an t-easpa ama sa bhliain FET. Mhínigh siad go dtagann na mic léinn i lár mhí Mheán Fómhair agus go bhfuil siad imithe faoi mhí na Bealtaine. Is gnách go mbíonn soghluaisteacht ar siúl i mí Feabhra agus i mí Bhealtaine, mar gheall ar lár téarma agus deireadh an chúrsa. Ní gnách leis an BOO mic léinn a sheoladh amach roimh Nollaig, toisc go bhfuil siad ag socrú isteach sa chúrsa, ag foghlaim ábhair agus ag cur aithne ar an smaoineamh go mbeidh soghluaisteacht ar siúl. Is gnách iarratas agus roghnú a dhéanamh tar éis dheireadh mhí Dheireadh Fómhair agus socrúcháin á dtairiscint i mí na Samhna. Dá bharr sin, tá níos lú ná sé seachtaine acu, measúnuithe móra agus an Nollaig san áireamh, chun teanga a fhoghlaim. Tá béim ar bhunscileanna agus frásaí teanga, “But in terms of real language learning, the duration of our courses just doesn’t allow for it unless they are coming with it from school with something already, then yes, that would help us” (FE1).

Thug FE4 le fios gurb é ESOL an rud is mó a dhéanann na PLCanna nó na suíomhanna FET maidir le teanga. Chreid siad go bhfuil roinnt foghlama teanga in FET, ach “Its not a core part of many of the vocational programmes, curriculum; some but not many.” Dhearbhaigh siad gur gnách leis na soghluaisteachtaí dul chuig tíortha ina labhraítear Béarla – Málta, Críoch Lochlann, an Ghearmáin agus tíortha Oirthear na hEorpa, áit arb é an Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear: “I thought maybe it would slowly revert back to French or something. But yeah, not so far” (FE4).

4.10 Difríochtaí sa Chóras IVET

Mhínigh rannpháirtí amháin gur féidir leis na comhpháirtithe athrú idir meánscoileanna sinsearach agus coláistí IVET ag brath ar an tír agus ar an gcóras. Mar a mhínigh siad, “So, again, to be an upper secondary, I think sometimes there’s kind of a mismatch between the Irish system and the European one.....they’re often fascinated when it’s one secondary school and there is not an upper and lower secondary, or that we don’t distinguish between the vocational or the other students, at 15, or 14, as they would in say, Germany or, or whatever.” Dúirt siad gur féidir le leibhéal ghairme na hÉireann, go háirithe Leibhéal 5, teacht go han-mhaith leis na daoine 18 mbliana d’aois i ngairmscoileanna (FE1).

Maidir leis na difríochtaí aoise idir córas na hÉireann agus córais an Aontais, mhínigh an rannpháirtí céanna (FE1) go sáraíonn siad na dúshláin a bhaineann le mic léinn a ghlacadh ar shocrúchán ar leanaí iad ó thaobh an dlí de trí gan ‘dualgas cúraim’ a ghlacadh go hoifigiúil do mhic léinn 16 nó 17 mbliana d’aois. Mhínigh siad, má ghlacann siad le mic léinn atá ag teacht isteach ó mheánscoil shinsearach agus atá faoi bhun 18 mbliana d’aois, go gcaithfidh duine dá múinteoirí a bheith leo. Ansin glacann an múinteoir seo dualgas cúraim ar na mic léinn agus iad in Éirinn. De bhreis air sin threisigh siad an méid seo: “The vast majority of the students who come from the secondary, the upper secondary, and in Europe to us, would be over 18. So, they would be usually in their final year and 18 or 19 years of age, and then we don’t have that same level of

duty of care. And likewise, sending students back to EU placements, the students we would send back would always be over 18. We don't send students under 18" (FE1).

4.11 Foireann FET ag Céimeanna Éagsúla

Thug rannpháirtí amháin (FE1) le fios, óna dtaithe féin, gur earcaigh go leor BOO múinteoirí agus teagascóirí ag tús na 1990idí mar fhreagra ar an gcúlú eacnamaíochta sna 1980idí agus rátaí difhostaíochta an-arda. Tá na múinteoirí seo dulta in aois agus i gcéimeanna éagsúla dá ngairmeacha beatha: "So, we have a huge staff who would be on their second half of their careers, let's say, and I suppose that creates its own challenges as a lot of people would be looking towards retirement maybe and you hear a lot of people saying, oh, I have another two years to go or another three years to go and maybe motivation is reduced at that stage perhaps, so that would be another challenge".

Dúirt FE1 "In an ideal world what you want to do is you want to balance some older staff, you want an equal number of younger staff and experience being passed from the older to younger and, today, the structure we have in terms of numbers of staffing based on numbers of students and student numbers dropping, effectively means that you can count the number of new staff on your hands literally".

4.12 Dúshláin eTwinning

Ní raibh rannpháirtí amháin cinnte faoi luach eTwinning. "I suppose the question is what does the eTwinning add to the party that isn't there through the current mobility experiences, and isn't being provided by EPALE on the other side?" (FE1). Sa phlé, bhain an tuairim ar eTwinning le dearcadh go dtéann na tionscadail idir scoileanna agus leanaí ar aois scoile chun tairbhe don aoisghrúpa sin, ach nach bhfuil acmhainneacht eTwinning do dhaoine atá 19/20 bliain d'aois agus uaireanta 30 bliain d'aois chomh soiléir – go háirithe an "almost penfriend idea doesn't hold the same weight for them" (FE1)

Shíl an rannpháirtí céanna (FE1), mar fhreagra ar aistriú eTwinning isteach in IVET, go raibh sé deacair a fheiceáil cá chríochnaigh ceann amháin agus cá thosaigh an ceann eile, nó cad é an t-idirdhealú a bhí idir EPALE agus eTwinning: "But I just, you know, think there needs to be either a line of demarcation, or a greater link of cooperation. Maybe when you sign up as a eTwinning user, in vocational education, you also sign up as an EPALE user at the same time so that you become a member of both platforms together? Or something?" (FE1).

Mhínigh FE3, cé go bhfuil a fhios acu go bhfuil neart eolais ar na suíomhanna Eorpacha, "It's trying to navigate it; I find this difficult; it's trying to find what rabbit hole you need to go down." Dúirt siad dá bhféadfadh daoine nach bhfuil mórán taithe acu ar Erasmus fós agus iad ag lorg comhpháirtithe nó faisnéise treoir a fháil trí eTwinning nó EPALE, go mbeadh sé ina chabhair, ach ní mór an luach a léiriú don fhoireann ar dtús sula dtabharfaí cuireadh dóibh úsáid a bhaint as (FE3).

Ní mór féachaint ar uainiú na ngníomhaíochtaí agus na n-imeachtaí seo chomh maith mar nach féidir le múinteoirí am saor a ghlacadh maidin Déardaoin chun freastal ar ócáid phearsanta nó ar líne. Tá fadhbanna ag baint le huainiú na n-imeachtaí ag an deireadh seachtaine freisin. Mhol rannpháirtí amháin go mbeadh "toradh níos fearr" ar imeacht áitiúil "ná imeacht náisiúnta". Mhol siad freisin úsáid a bhaint as foilseacháin ar nós foilseacháin ceardchumainn ón TUI agus ón ASTI a chuirtear i ngach seomra foirne (FE1).

Thuig FE4 an luach a bhaineann le foghlaimeoirí a nascadh le chéile trí eTwinning, go háirithe foghlaimeoirí Ógtheagmhála, ach d'admhaigh sé na dúshláin a bhaineann le curaclam lán agus cúrsaí ama (FE4).

Mhínigh VT1 go bhfuil roinnt bacainní ar chomhoibriú sa Pholainn ar nós easpa Béarla. Mhínigh siad gur réiteach maith dóibh é múinteoir Béarla a chur san áireamh agus iad ag comhoibriú le scoileanna eile (VT1).

Dúirt VT1 freisin go bhféadfadh sé a bheith deacair fós comhpháirtithe maithe a aimsiú: “Especially for VET teachers, it’s still difficult. It’s not too many partners, and such international meetings, it’s really helped. Of course, online meeting is good. But meeting face to face. Tá sé i bhfad Éirinn níos fearr.” Mhínigh siad gur bhuaigh a dtionscadal comórtas eTwinning, agus chuaigh siad go Maidéara le haghaidh ceardlainne idirnáisiúnta, áit ar bhuaigh siad le 148 múinteoir (VT1).

Thug VT1 le fios go bhféadfadh sé a bheith ina dhúshlán fós comhpháirtithe maithe gairmoideachais agus gairmoilúna a aimsiú (VT1).

4.13 Idirnáisiúnú

Thug FE2 le fios go bhfuil deasc idirnáisiúnta ag an BOO ina bhfuil siad ag obair agus go bhfuil príomhoide a chuaigh ar scor le déanaí mar fhoireann aici. Dar leo, is fearr leo a bheith neamhspleách ina gcuid gníomhaíochtaí cé go ngéillfidh siad do threoir bheartais agus do threoir chorparáideach i dtéarmaí COVID agus cásanna ar nós daoine a athdhúichíú ó shoghlu-aisteachtaí: “mean, to be honest, kind of, we don’t really have anything too much to do with the International desk. You know, we’re confident enough in what we do. And you know, not to have to bother them too much”. Dúirt siad go bhfuil teagmháil fhíor-bheag acu le BOO Éireann (FE2).

Nuair a bhí plé á dhéanamh ar an ról nua im BOO Éireann do dhuine de chuid AE mhol FE4 go bhféadfaidís iarracht a dhéanamh le líonra a thabhairt le chéile agus na cuir chuige éagsúla atá ag BOOanna aonair maidir le deiseanna AE a léarscáiliú. Mhínigh siad go raibh idirnáisiúnú ar cheann de na moltaí ina n-athbhreithniú cáilíochta QQI de chuid BOO (FE4) le déanaí.

Ní raibh aon eolas ag FE5 ó BOO Éireann i spás an Aontais, cé gur ghníomhaigh siad i ról comhairleach do BOOanna maidir le creidiúnú a fháil. Mholfadís go bhféadfadh BOO Éireann tacú go lárnach le gníomhaíocht an Aontais ach go rachadh sé chun argóinte le duine éigin ag insint dóibh conas a gcuid tionscadal a reáchtáil. Mhol FE5 Léargas as deiseanna gairmoideachais agus gairmoilúna a chur chun cinn agus a scaipeadh laistigh den earnáil BOO. D’aithin siad an dúshlán a bhaineann le dul i dteagmháil leis an earnáil ach mheas siad go bhfuil níos mó spéise anois i ngníomhaíochtaí an Aontais ná mar a bhíodh sna blianta roimhe seo. Dúirt siad go raibh bainisteoirí agus BOO ag caint ar airgead a thógáil ó chiste bainistíochta na dtionscadal. Is fadhb í seo, mar bíonn 99% den obair ar siúl ar an láthair. Chaithfeadh cothromaíocht a bheith ann idir suíomhanna a bhainistíonn a dtionscadail féin agus BOO Éireann a chuireann cumarsáid rialta ar fáil faoi dheiseanna Erasmus (FE5).

Mhol FE4 freisin go bhféadfadh spriocanna an tionscadail don Erasmus nua, mar shampla inbhuanaitheacht, a bheith ina mbealach an-mhaith chun daoine a nascadh isteach: “Schools to kind of link in with places that are a little bit further down, especially for apprenticeship areas, and the building side of things ... NZ was a big huge one, there was retrofitting but even any, any area of vocational [skills building] of looking at the sustainability element.” Mhínigh siad go bhfuil modúil nua á dtabhairt isteach ar fud FET lena n-áirítear modúil inbhuanaitheachta Leibhéal 4 agus 5, a tugadh isteach cheana féin. Díreofar go príomha ar an gá le huasoiliúint ar iarfhéistiú agus ar chaighdeán tógála fuinnimh nialasaigh d’Éirinn agus bheadh “practice sharing across borders” an-úsáideach (FE4).

4.14 Ríomhnascadh a chur chun cinn

Cuireadh an smaoineamh seo i láthair i gcomhthéacs iarratasóirí nua a mhealladh chuig cláir AE agus tacú leo, go sonrach Erasmus+, ar dhá shlí: ar an gcéad dul síos, comhpháirtí a aimsiú agus ar an dara dul síos, mol láraithe a aimsiú do chúrsaí oiliúna múinteoirí le haghaidh PD. Tá dearcadh ann nach bhfuil aon ardán láraithe amháin ann d’eagraíochtaí FET nó d’institiúidí oideachais eile chun an t-eolas seo a aimsiú. Mhínigh FE1 gur féidir le múinteoirí cúrsaí oiliúna a dhéanamh agus cur isteach ar mhaoiniú chun scáthú oibre a dhéanamh atá ina rud nua ar fad i gcás IVET in Éirinn. Mhol siad cur chuige níos réamhghníomhaí, níos córasaí inar féidir le múinteoirí cúrsaí a chuardach ar ábhar ar leith ar nós cuimsiú agus cúrsaí a aithní

agus an leibhéal ag a bhfuil siad á dtairiscint. Mhínigh siad go bhfuil an fhaisnéis seo scaipthe i láthair na huaire agus go bhfuil a lán gníomhaireachtaí ag seoladh ríomhphoist ag tairiscint cúrsaí atá deacair a mheas nó a bhailíochtú (FE1).

Mhol FE2 go bhfuil ceannach isteach na foirne ríthábhachtach agus go bhféadfaí an smaoineamh maidir le eTwinning a úsáid a thabhairt isteach don fhoireann ar dtús trína úsáid i modúl amháin ina bhfuil comhoibriú ann cheana féin, mar shampla dearadh grafach. Léirigh FE2 inní go mb'fhéidir go mbeadh dícheangal idir cumas na mac léinn ar chúrsaí ar nós gnó idir tíortha cosúil le hÉirinn agus an Fhionlainn, ó chuirfí béim dhifriúil ar ábhair ar nós na fiontraíochta sa bhFionlainn. Dúirt siad gur féidir leat ceannach isteach ón bhfoireann a fheiceáil (nó easpa de) i roinnt réimsí ar nós scáthú poist (FE2).

D'aontaigh FE3 go bhfuil gá le ceannach isteach ón bhfoireann: "We've got some very proactive staff who love it and who love going away. And we've got other ones who are at different junctures in their life where they might have small kids and just can't commit to things like that at the moment." Leag siad béim ar an méid seo: "teachers don't want to see it as extra work" (FE3).

Thug siad le fios go gcaithfidh múinteoirí luach agus na buntáistí atá ag a leithéid d'ardán a fheiceáil. Mhol FE4 taispeántas ar cad chuige a n-úsáidtear eTwinning agus faoi dhea-chleachtas: "If you can see yourself in something that somebody has already done, then there's more of a chance of it being an attractive option." D'atreisigh siad freisin an tábhacht a bhaineann leis an eolas seo a chur chuig an duine ceart in eagraíocht nó i suíomh: "often coming into an organisation, and having a connection with somebody who can get it out to the right people. Yeah. So you know, you're working with the managers, its always an important one that there's bottom up, but also top down kind of buy-in" (FE4).

Creideann Coord1 go meallfadh an t-ardán eTwinning agus a chumas idirghníomhaíocht sa Twin Space a éascú "a lot of participation". Tá a fhios acu go mb'fhéidir nach mbeadh go leor ama ag cleachtóirí in FET idir obair teagaisc, ullmhúcháin agus riaracháin, ach if they see something that's very active and engaging and project based... it could certainly add a lot of value, and would have some great potential" (Coord1).

Mhol FE5 go bhféadfaí eTwinning a úsáid le haghaidh taighde nó chun comhoibriú agus cleachtas a ghabháil. Dúirt siad freisin: "I think people are tired of Zoom, Teams and all that ...but I think if it's on site [physically] somewhere, I think it'd be really useful, you know, more buy-in for people as well if they're there, and they can see it and they can chat to somebody face to face over coffee" (FE5).

Mhínigh Coord1 go mbeadh gach ceann de na hardáin ar líne a raibh baint acu leo tosaithe le chéile, duine le duine. Ina dtaithe féin, ní bhíonn an comhtháthú céanna ag na líonraí a tosaíodh le linn COVID ar líne amháin gan an tús físiúil sin atá i gceist le duine le duine. Tá gá le cothromaíocht a bhaint amach idir duine le duine agus ar líne agus a mhíniú go soiléir cad a dhéanann tú go pearsanta agus/nó ar líne (Coord1).

Thug Coord1 faoi deara go bpiocann daoine a lán deiseanna ó imeachtaí pearsanta. Is cosúil gur cur chuige cumaisc é a oibríonn - ardáin, pointí teagmhála idirnáisiúnta agus "fishing opportunities as well... those in person events too" (Coord1).

4.15 Aitheantas do Rannpháirtíocht eTwinning

Mar fhreagra ar cheist maidir le bailíochtú nó aitheantas a thabhairt do rannpháirtíocht in eTwinning nó soghluaisteacht, mhínigh FE4 go dtugann a mBOO "suaitheantais" do dhaoine a ghlacann páirt i gcláir. Tugann an córas breac-chuntas ar a dtorthaí nó a gcuspóirí foghlama agus is taifead é a fhéadann daoine a thabhairt leo agus iad ag dul ar aghaidh. Tá a lán de na suaitheantais seo in úsáid cheana féin: "Teaching and Learning Forum badges or the UDL, there's a whole host of them, you're probably familiar with those recognising that, there's a at least a 25 hour commitment behind them and that there is often research or review or curriculum redesign associated with it" (FE4).

Thug VT2 le fios go mbraitheann aitheantas do do chuid oibre ar do cheannmhúinteoir agus cibé an lucht leanúna eTwinning iad nó nach ea. Ní aitheantas córasach é ach tá sé ag athrú: "But there are some other countries I know in Slovakia, for

example, the neighbouring country where they have some credit system, and teachers are have some benefits for working in eTwinning." Dóibhse is é an t-aitheantas ná trí fhoghlaim agus trí bhuntáistí an chomhoibríthe agus na comhpháirtíochta: "I think it can be also kind of reward for the teachers, when they can go to these professional development events or to contact seminars, or the events or, or conferences, because everything this is free of charge for them. And I think it's a nice experience: they learn new things, meet new people, and see new places and this is paid for them" (VT2).

4.16 Úsáid Éigeantach

Dúirt FE3: "I thought about do you dangle the stick such to make it a condition of applying for funding, or you know, that you must use the twinning platform; it's a way, but it is like a stick approach. And sometimes the stick approach doesn't always work" (FE3).

Ba é tuairim FE5 nár cheart go mbeadh sé éigeantach, ach d'aithin sé chomh maith céanna go bhféadfadh a luach a bheith ag brath ar an chéim ag a bhfuil tú i do ghairmréim Erasmus: "So if I'm told, if you log into EPAL here's what you're going to get. Here's the benefit. If you're logging in eTwinning, here's what you're going to get. Here's the benefit, then I'd log in" (FE5).

4.17 Daoine ar bheagán Taithí ar Ghníomhaíochtaí arna gCistiú ag an Aontas

Mhol FE5 go bhfuil luach ann do rannpháirtithe nua agus d'iarratasóirí ar Erasmus tabhairt faoi spás comhoibríoch ar líne. Thug siad le fios go bhfuiltear ag súil uaireanta san earnáil BOO go dtiocfadh an comhpháirtí leis an maoiniú. Bhí siad sásta gur fhill na cuairteanna ullmhúcháin, toisc go bhfuil siad thar a bheith úsáideach agus tábhachtach i dtaobh bualadh le comhpháirtithe den chéad uair (FE5).

I bplé faoi úsáid spásanna ar líne le haghaidh ullmhúcháin, mhínigh FE5 go bhfuil baint acu le tionscadal KA1 ina ndírítear ar threoirínte a chur le chéile maidir le mic léinn a ullmhú le haghaidh socrúcháin, agus díriú go háirithe ar ionchais a bhainistiú (FE5).

Mhol Coord1 cur i láthair a dhéanamh don ngrúpa ceannaireachta straitéisí in FET, toisc go bhfuil athstruchtúrú fós ag tarlú ar fud na hearnála. Mhol siad na Stiúirthóirí FET, ar "windows into that world of vocational education or the PLCs" iad. Ba cheart aird a tharraingt sa chur i láthair ar an luach agus ar an rannpháirtíocht a dhreasú. Lena chois sin ba chóir a thaispeáint go bhfuil sé éasca é a úsáid agus go bhfuil sé inrochtana. Bheadh gá freisin le haird a dhíriú ar na scéalta ratha (Coord1).

4.18 Moltaí maidir leis an Teagasc

Molann VT2 go ndéanadh múinteoirí an tionscadal a phleanáil go han-chúramach: "At the beginning of the year, all the partners should meet and plan when they have time to work on it, when they have holidays, or in some countries, there are longer times of practice or training, the students are not at school, and they can't work on the project. So it's really important to plan this carefully and plan what they should do, and give them quite precise instructions" (VT2).

Mhínigh VT1 go gcuireann siad gníomhaíochtaí eTwinning lena gceachtanna mar chuid dá bpleanáil agus go gcuimsíonn siad na hidirghníomhaíochtaí i rith na bliana. Úsáideann siad ceanteidil éagsúla, mar shampla scileanna boga, agus cuimsíonn siad na gníomhaíochtaí nuair is cuí. Ansin nascann siad le scoil eile sa cheacht agus cuireann siad na mic léinn in aithne dá chéile chomh maith. Deir siad: "Seo iad do chomhghleacaithe nua ó scoil eile." Ansin cuireann siad na mic léinn ar fad isteach sa Twin Space. Sannann siad tascanna atá bunaithe san fhíorshaol do na mic léinn, agus caithfidh siad oibriú le grúpa ranga eile ón gcoláiste eile chun an tasc a chríochnú. Chuir siad a n-ionadh in iúl faoina fheabhas agus a d'éirigh

le mic léinn nach mbaineadh marcanna arda amach de ghnáth, sna tascanna ina rabhtas ag déanamh cumarsáide le cuideachtaí fíorshaoil (VT1).

Thug VT1 spriodhataí an fhíorshaoil do mhic léinn freisin maidir le plé nó moltaí do thionscadail ar cloíodh leo faoi mar go mbeidís sa bhfíorshaoil. Thosaigh siad i mí Dheireadh Fómhair agus chríochnaigh siad i mí Aibreáin agus oibríodh an tionscadal amach idir comhpháirtithe ar eTwinning. Thug siad le fios nach bhfuil siad in ann tabhairt faoi shoghluaisteachtaí a thuilleadh, de bharr freagrachtaí teaghlaigh, ach is féidir leo comhoibriú trí eTwinning. Tá an-luach ag baint leis na tionscadail do na mic léinn agus do dhul chun cinn gairmiúil an mhúinteora. Iarradh orthu ceardlann a thabhairt ar dhea-chleachtas ón tionscadal ar líne. Spreag an ghníomhaíocht múinteoirí eile chun páirt a ghlacadh i dtionscadail eTwinning leo agus tá cúigear múinteoirí rannpháirteach sa scoil theicniúil anois. Baineann na mic léinn taitneamh freisin as gníomhaíochtaí cultúrtha a roinnt leis an scoil eile. Mheasc comhpháirtí na hOstaire grúpaí ranga ag céimeanna éagsúla den ghairmoideachas lena ngrúpa, ionas go mbeidh deiseanna maithe ag gach duine acu oibriú le chéile (VT1).

4.19 Taispeántas ar Luach eTwinning

Mheas FE5 gur deacair smaoineamh ar ardán eile: “I think sometimes when you have another platform than you have to have another log in and email for it, and there’s so many of them already that sometimes it gets a bit to be too many of those platforms.... In an ideal world, everything would be a kind of a one-stop-shop, where you can just log into one platform and choose off the menu what you want” (FE5).

Threisigh VT2 gur mhaith an rud é seo do na múinteoirí: “[...] to go somewhere for a conference, for example or somewhere where they can see the good practice or the teachers – and they usually talk about it very enthusiastically and they can inspire these teachers” (VT2).

Mhol FE2 go bhféadfaí eTwinning a chur chun cinn chuig scoileanna DEIS chun aghaidh a thabhairt ar réimsí faoi mhíbhunáiste agus feasacht a mhúscailt ar na deiseanna atá ann do mhaoiniú Erasmus chun rannpháirtíocht ó dhaoine faoi mhíbhunáiste agus díchumhachtaithe a spreagadh. Mhol siad freisin go bhféadfaí é a úsáid mar mheán chun daoine a spreagadh le fanacht san oideachas (FE2).

Mhol FE2 gur chóir feachtas Caidrimh Phoiblí ar leith a bhunú le haghaidh eTwinning in IVET, a scarann ó Erasmus é agus a leagann béim ar a luach (FE2).

Thug FE1 le fios go raibh níos mó baint ag a mBOO le EPALE le dhá bhliain anuas, de réir mar a rinne EPALE feachtas chun a fhreastal a leathnú ó oideachas aosach go gairmoideachas (FE1).

Labhair FE5 ar a dtaighde iarchéime féin maidir le hacmhainneacht a bheith i ngníomhaíochtaí KA1 agus KA2 d’fhoghlaim ghairmiúil d’fhoireann BOO. Tá ról um fhorbairt foghlama gairmiúla i ngach BOO anois, ach níl aon nasc le Erasmus. Tá sé mar aidhm acu aghaidh a thabhairt ar an mbearna seo sa straitéis tríd an tairbhe a bhaineann le soghluaisteachtaí Erasmus do ghníomhaíochtaí FGL a léiriú, agus tá iarratas déanta acu ar mhaoiniú chun é seo a thaispeáint (FE5).

4.20 Luach na nGníomhaíochtaí eTwinning

Mhínigh VT1 go bhfuil a ról á athrú acu ó lóistíocht go teagasc matamaitice ach go bhfuil sé i gceist acu leanúint lena ngníomhaíochtaí eTwinning. Tá siad fíor-ghafa in eTwinning agus is breá leo é: “I love now new people: it’s like it’s my life”. Thug siad le fios nach do mhic léinn amháin atá sé, ach “there’s benefits for me like when I participate in the different workshops, and I have possibility or chance to make my own workshop with Teachers” (VT1).

Mhol VT1: “If it’s possible, just make international meetings with an experienced eTwinner, from what area from all Europe or what you can find and invite your teacher from vet school.” Leag siad béim ar an ngá atá le múinteoir a bheith acu a bhfuil

tionscadal déanta acu cheana féin chun an obair a chur chun cinn. An t-aon rud a fuair na mic léinn a bhí ar iarraidh tar éis an tionscadail ná an deis bualadh leis na mic léinn eile san fhíorshaol. Seachas sin, bhí an deis acu na scileanna a chur i bhfeidhm sa bhfíorshaol agus d'fhoghlaim siad a lán (VT1).

Thosaigh VT2 ag obair mar ambasadóir eTwinning in 2005 ach bhí baint aige le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ó na 1990idí i leith na scoileanna eile. Tá tionscadail eTwinning acu le scoileanna eile i TF agus i ríomhchlárú, ach thug siad cuireadh don mhúinteoir TF cabhrú leo leis an bpleanáil. D'oibrigh siad freisin le mic léinn cúraim shóisialta, áit ar chomhoibrigh siad le scoileanna eile agus a ndeachaigh siad isteach in ospidéal chun cabhrú le hothair. Baineann formhór na dtionscadal eTwinning a bhfuil siad ag obair orthu le Béarla a fhoghlaim agus cumarsáid a dhéanamh i mBéarla. Tá baint acu freisin le tionscadal eacnamaíoch a bhaineann leis an gcuideachta Mac léinn. Sa tionscadal seo, comhoibríonn siad le cúig thír eile trí eTwinning ar chuideachtaí mac léinn, lena n-áirítear aonach jabanna ar líne (VT2).

Mhínigh VT2 go gcuireann siad an tionscadal i láthair mar chuid d'ábhar i gcaitheamh na scoilbhliana ar fad. B'fhéidir go mbeadh trí cheacht 45 nóiméad sa tseachtain acu, mar sin tugann siad tasc amháin in aghaidh na míosa agus úsáideann siad an mhí le bheith ag obair air sa rang agus lasmuigh den rang. Oibríonn siad i rachtanna níos giorra ach le linn na scoilbhliana ar fad. Nascann siad na gníomhaíochtaí le measúnú ó thaobh cruthaitheachta nó rannpháirtíochta de. Teastaíonn spreagadh ó na mic léinn chun páirt a ghlacadh ach bíonn siad an-ghníomhach nuair a bhíonn tús curtha acu leis (VT2).

Lena chois sin phléigh VT2 na buntáistí a bhaineann le hiarratais fíorshaol, áit a mbíonn cuspóir le hordú a scríobh do chuideachta lóistíochta nó le cur i láthair a dhéanamh, mar bíonn fíor-dhaoine ag fanacht leis agus ag fanacht chun freagairt. Faigheann na mic léinn muinín as an teanga de réir mar a dhéanann siad cumarsáid le mic léinn eile atá ag foghlaim chomh maith. Tógann siad a n-inniúlacht teanga le chéile, sáraíonn siad botúin agus aimsíonn siad bealaí chun cumarsáid a dhéanamh. Foghlaimíonn siad freisin faoi thír agus faoi chultúr a chéile: "I still think that education is much more lively with eTwinning; it's just more like a real life; and when they are really online and really speak to each other, that's something you don't learn at school without the partners." Thug siad faoi deara go bhfuil mic léinn "who work on a training project for example in the second year, they are more willing to go abroad for a mobility...they want to connect with other people from different countries and they are not so afraid because they know they can do it". Ullmhaíonn an taithe ó eTwinning iad le haghaidh soghluaisteachta agus cothaíonn sí a muinín ina gcuid scileanna agus ina gcumas teanga (VT2).

Mhínigh VT2 go múineann siad Béarla, mar sin tá siad ag lorg comhpháirtithe a labhraíonn Béarla, ach athraíonn sé seo ag brath ar an múinteoir: "I have a teacher friend, who is a German teacher, also in a VET school... and she does a lot of eTwinning projects in German... the students are really practically centred. They are not very academic. And still she does wonderful eTwinning projects with them. Opticians, I remember opticians, they did some interviews, or it was a kind of dialogue at the shop with a partner. One of them was the shop assistant and one of them a customer and they met online, and the dialogue was very good" (VT2).

Mhínigh VT2 freisin go ndearna siad PD go fisiciúil agus ar líne. D'imigh siad freisin, mar léachtóir, chuig FG do scoileanna agus múinteoirí VET i bPrág: "Also the groups are all teachers and some of the groups are moderated. So, you can also get a lot of inspiration there; all the teachers who join can get a lot of inspiration from the group" (VT2).

Rinne VT3, múinteoir gairme, cur síos ar an gcaoi a scríobhann siad blag ar eTwinning beo agus ar thorthaí tionscadal gairmoilúna. Cuireann siad in iúl go bhfuil siad ar fáil do thionscadail eTwinning agus scríobh siad eTwinning isteach ina bpróifíl ar a scoil agus i i dtaobh na n-ábhar gairme a mhúineann siad. Chomh maith leis sin, déanann siad cuir i láthair sa Twin Space ar a dtionscadail rathúla eTwinning ar nós tionscadail maidir le siúcra a laghdú, cuair nua a thabhairt ar oidis na seanmháthar, glúnta sláintiúla, ith earraí na háite, smaoinigh go domhanda (VT3).

4.21 Bacainní ar eTwinning

Mhínigh VT1 go bhfuil roinnt bacainní ar chomhoibriú sa Pholainn ar nós easpa Béarla. Mhínigh siad gur réiteach maith dóibh é múinteoir Béarla a chur san áireamh agus iad ag comhoibriú le scoileanna eile (VT1).

5. PLÉ

Tugann torthaí an taighde le fios go bhfuil feasacht ar thionscadail AE a mhaoinear trí Erasmus+ agus aithnítear luach ghníomhaíochtaí Erasmus+ d'fhoghlaimoirí agus do chleachtóirí FET. D'aithin na rannpháirtithe luach an chomhoibríthe agus an chomhair agus léirigh siad feasacht ar EPALE mar ardán d'oidreachas aosach agus IVET. Airíonn formhór na rannpháirtithe eTwinning mar ardán do phobal na scoile a éascaíonn cumarsáid agus comhoibriú. Ní raibh mórchuid na rannpháirtithe ar an eolas faoin Twin Space comhoibrítheach agus ní raibh tuiscint shoiléir acu ar an gcaoi a bhféadfadh an t-ardán luach a chur leis na gníomhaíochtaí soghluaisteacha atá ar siúl cheana féin.

Is léir go bhfuil comhpháirtíochtaí tógtha ag comhordaitheoirí tionscadail rathúla a dhéanann rochtain ar mhaoiniú Erasmus+ in Éirinn le blianta fada anuas agus go bhfuil a líonra comhpháirtithe tógtha go horgánach acu trí chaidrimh a bhfuil muinín bunaithe acu cheana féin. Léirítear an ghníomhaíocht seo chun comhpháirtithe a aimsiú trí scéala ó bhéal go béal sna líonraí neamhfhoirmiúla a tógadh le comhghleacaithe ar fud na mBOOanna agus na réigiún. Labhraíonn na rannpháirtithe faoi léim isteach sa ghluaisteán chun cuairt a thabhairt ar dhuine atá in ann comhairle a chur orthu óna dtaithe le maoiniú AE. Labhraíonn daoine eile ar "dhícheall cuí" agus iad ag lorg agus ag aimsiú comhpháirtithe, ag baint úsáide as réimse paraiméadar chun a mheas an bhfuil comhpháirtithe oiriúnach, rud lena n-áirítear méid na hinstiúide; ailíniú leis an gcuraclam; cumas iliomad grúpaí foghlaimoirí a thabhairt thar roinnt réimsí topaicí; agus caidrimh le comhpháirtithe eile.

Tá FET ag athrú in Éirinn ina mhúnla comhoibríoch soláthair níos comhtháite le 'Coláistí FET' lártaite atá lonnaithe go réigiúnach laistigh de BOOanna, atá ag tairiscint soláthar ilchamps de IVET, oidreachas ginearálta, litearthacht agus sainchlár de réir speisialtóireachta earnála nó topaice. Nascfaidh na tairiscintí seo le samhail nua soláthair atá comhtháite le clár fochéime san ardoideachas, rud lena gcruthaítear tairiscint treasach a chinntíonn conair chomhtháite ó choláistí FET go hollscoileanna teicneolaíochta nó institiúidí ardoideachais.

Tá rannpháirtithe i FET ag caint faoi athrú laistigh den chlár Erasmus mar rud dúshlánach agus mar rud nach n-éiríonn leis i gcásanna áirithe. Má bhaintear maoiniú tiomnaithe d'ullmhú teanga nó d'ullmhú cultúrtha, an cistiú socrúchán sula sainaithe neofar comhpháirtithe, mar aon leis na treoracha doiléire – úsáid éigeantach nó gan a bheith roghnach – na gcóras amhail an OLS, ciallaíonn siad go bhforbraíonn comhordaitheoirí tionscadail dlúthchaidreamh leis an NSO ach d'fhéadfadh sé nach bhfuil an oiread sin spéise acu i nuálaíocht ón gCoimisiún Eorpach i gcórais ar líne nó in ardáin chomhoibríoch ar líne.

Labhraíonn an straitéis is déanaí ó SOLAS faoi FET a athrú ó bhonn agus is léir go bhfuil gluaiseacht radacach soláthar FET – go fisiciúil agus go cultúrtha – ag tarlú i ngach BOO. Go teoiriciúil, déantar an teagasc agus an oiliúint laistigh de FET a dhéabhlóidiú chuig BOO Éireann agus déanann BOO Éireann maoirseacht freisin ar an maoiniú chun tacú leis an iliomad beartas a mbíonn tionchar acu ar an soláthar sin. I ndáiríre, dealraíonn sé ón taighde go gciallaíonn stair na mBOOanna agus an neamhspleáchas a bhíodh acu riamh anall, go bhfuil gach BOO ag forbairt a straitéise agus a ghníomhartha féin don earnáil FET. Tá próisis athbheithnithe á ndéanamh ag gach BOO freisin le QQI maidir le cáilíocht i ngach gné den teagasc agus den fhoghlaim, agus tá idirnáisiúnu á mholadh mar phríomhghné d'obair na mBOOanna.

Tugadh freagracht do BOO Éireann maoirseacht agus bainistiú a dhéanamh ar mhol foghlama gairmiúla a thabharfaidh treoir agus tacaíocht don líonra de 16 Stiúirthóir PD ar fud líonra an BOO. Tagann an líonra seo le chéile go neamhfhoirmiúil faoi láthair ach d'fhéadfadh sé a bheith níos foirmiúla de réir mar a fhorbraíonn BOOÉ an mol chun tacú le gníomhaíochtaí i ngach BOO. Is é atá i gceist ná leibhéal léarscálaithe den soláthar reatha, riachtanais PD a réamh-mheas agus fiosrú faoi aitheantas le haghaidh cúrsaí PD leanúnaigh, comhoibriú agus pobail chleachtais. Is léir ón taighde go bhfuil roinnt BOOanna ag bronnadh suaitheantais dhigiteacha de réir chleachtas an Fhórait Náisiúnta um Fheabhsú Teagasc agus Foghlama san Ardoideachas agus in eagraíochtaí eile ar nós AHEAD agus cúrsa agus suaitheantas an Dearaidh Uilíoch don Foghlaim. Tá micridhintiúir agus meicníochtaí eile chun aitheantas a thabhairt d'fhorbairt agus d'fhoghlaim foirne mar chuid den straitéis seo. D'fhéadfadh réimse na ndeiseanna PD do mhúinteoirí a chuireann an CSS agus páirtithe leasmhara eile ar fáil nascadh le straitéisí náisiúnta PD agus bealach a chur ar fáil do chleachtóirí FET agus IVET chun imeachtaí PD a ghlacadh, a fhorbairt agus a chur leis an ardán.

Réimse eile atá ag teacht chun cinn is ea creidiúnú agus aitheantas múinteoirí in FET ina gcreideann rannpháirtithe go bhfuil ról agus téarmaíocht nua á bplé ag cinnteoirí do chleachtóirí FET. Mar shampla, le blianta beaga anuas, i gcláir áirithe, níor earcaíodh ach múinteoirí acmhainne. Tá an ról seo ar leithligh ó mhúinteoir atá aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus tá téarmaí agus coinníollacha éagsúla ag baint leis. Maidir le FET, mar thoradh ar fhorbairt agus fás orgánach FET agus mar gheall ar a éagsúlacht, chuaigh cleachtóirí, múinteoirí agus oiliúnóirí isteach san earnáil, agus d'fhan siad inti, faoi réimse leathan conarthaí, téarmaí agus coinníollacha. Go hiondúil, ní mór d'aon duine atá ag obair i suíomh scoile atá aitheanta de réir Alt 30 a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Is gnách go gciallaíonn sé seo go bhfuil gach múinteoir atá ag obair i gcúrsaí Iar-Ardteistiméireachta nó i gColáistí Breisoideachais cláraithe mar mhúinteoirí. Ní gá go mbeadh sé seo amhlaidh ar fud suíomhanna eile nó leibhéil soláthair QQI. Is cinnte nach gá go mbeadh sé sin mar seo in Ionaid Oiliúna BOO do phrintísigh, áit a gcuireann oiliúnóirí agus teagascóirí IVET le tréimhsí na hoiliúna printíseachta nach bhfuil ar siúl i mbun oibre. Mar a dúirt rannpháirtí amháin, tá cuimsiú ina phríomhchritéar de Erasmus+ agus ina suíomh, trína dtairgtear an deis do gach ball foirne iarratas a dhéanamh ar shoghluaisteacht chuig ballstát eile den Aontas beag beann ar ról nó stádas na Comhairle Múinteoireachta.

Tá an gá atá le bailíochtú casta i eTwinning toisc go mbaineann leanaí bunscoile agus dara leibhéil úsáid as an Twin Space. Tá saincheisteanna a bhaineann le cosaint agus sábháilteacht leanaí fíorthábhachtach sa réimse sin. Maidir le bailíochtú úsáideoirí mar mhúinteoirí agus Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a ghabhann leis sin agus atá mar chuid den chleachtas gairmiúil teagasc agus den reachtaíocht náisiúnta, bíonn tionchar acu sin ar an riachtanas le caighdeán nó critéar éigin le haghaidh ballraíochta den ardán comhoibrítheach.

Tá tuairisciú maith ar luach na soghluaisteachtaí agus an tsocrúcháin agus an chomhoibríthe idirnáisiúnta don fhoireann agus d'fhoghlaimoirí araon. Léirigh eTwinning luach na ngníomhaíochtaí comhoibrítheacha ar líne idir múinteoirí agus mic léinn ar fud an Aontais. Léirigh tionchar COVID ar chórais oideachais tiomantas oideachasóirí agus oiliúnóirí agus mac léinn don oideachas trí mhodhanna ar líne agus as líne, rud a chur ar a gcumas leanúint den teagasc, den oiliúint agus den tsoghlu-aisteacht, cé go bhfuil siad teoranta do theicneolaíochtaí agus do chur chuige cianfhoghlama. Tá tionchar na paindéime ar oideachas agus éifeacht cascáide na cumarsáide sóisialta agus duine le duine ag luí go trom ar athléimneacht daoine. Mar thoradh ar éagobhsaíocht agus dothuarthacht an tsaoil le linn COVID tá níos mó imní agus drogall i measc daoine óga – go háirithe i dtaobh deiseanna a thapú ar nós socrúcháin thar lear (NSO1).

Sa tuarascáil "It Made Me Hungry For More": Tracing the Impact of European Work Placements on the Skills, Attitudes, Education and Career Paths of Vocational Learners from Ireland", mhol Hughes (2021) sé ghníomh a tháinig chun cinn ó thorthaí an taighde. Baineann moltaí 1, 2, 5 agus 6 go háirithe le tabhairt isteach agus cur chun cinn eTwinning chuig IVET in Éirinn:

1. Ba cheart tuilleadh tacaíochta agus spreagadh a thabhairt do nasc idir píaraí.
2. Chuirfeadh teagasc teanga spriocdhíríthe atá dírithe ar ghairm bheatha go mór le heispéireas rannpháirtithe a bhfuil eolas acu cheana féin ar theanga a dtíre cinn scríbe, agus orthu siúd a thugann faoi shocrúcháin shoghluaisteachta níos faide.
3. D'fhéadfaí socrúcháin shoghluaisteachta a úsáid ar bhealach níos solúbtha chun freastal ar chohóirt éagsúla foghlaimoirí.
4. Ba chóir earnáil ghairme na hÉireann i gcoitinne, agus go háirithe foghlaimoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna a chur ar an eolas faoi na deiseanna atá ann dóibh faoi chláir shoghluaisteachta na hEorpa.

6. IVET IN ÉIRINN

Thug an staidéar seo aghaidh go hachomair ar an gcaoi a gcuirtear IVET ar fáil in Éirinn agus conas a dhéanann foghlaimoírí ionchasacha rochtain air. Tá oidhreacht na deighilte idir scileanna gairme agus oideachas acadúil ginearálta fós le feiceáil i struchtúr foriomlán an chórais oideachais agus oiliúna in Éirinn cé go léiríonn straitéis nua SOLAS agus treoracha beartais nua a tháinig chun cinn ón DFHERIS go bhfuil comhtháthú IVET agus soláthar acadúil ag an leibhéal treasach ag comhtháthú d'fhonn go mbeadh rochtain ag foghlaimoírí ionchasacha ar thuras oideachais agus oiliúna soiléir, seicheamhach agus loighciúil chuig cáilíocht. Tá an deis do na sean-Institiúidí Teicneolaíochta agus do na hOllscoileanna Teicneolaíochta nua atá ann anois fearann treasach a chruthú ina dtagann Leibhéal 5 agus 6 QQI agus Leibhéal thraidisiúnta ardoideachais QQI 7, 8, 9 agus 10 le chéile mar chuid de thograí Choláiste FET a bheidh ann amach anseo, rud a d'fhéadfadh IVET in Éirinn a oscailt agus a shainmhíniú as an nua. Ní thagann an sainmhíniú as an nua seo le cuimsiú soláthar IVET in oideachas éigeantach faoi láthair.

Ó 2016 cuirtear printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna ar fáil ó Leibhéal 5 go Leibhéal 10 ar fud raon 65 earnáil printíseachta. Ní rialaítear cúrsaí oiliúna, murab ionann agus printíseachtaí, de réir an dlí (níl aon phróifíl ghairme ann); is gnách iad a fhorbairt mar fhreagairt ar riachtanais fostóirí áitiúla, agus d'fhéadfadh ábhar curaclaim a bheith éagsúil de réir an éilimh áitiúil (CEDEFOP, 2019). Cuireann Coláistí Iar-Ardteistiméireachta nó Coláistí Breisoideachais réimse leathan clár ar fáil in IVET ag Leibhéal 5 agus 6 QQI. Tairgeann réimse soláthraithe, lena n-áirítear roinnt Ionaid Ógtheagmhála, Ionaid SDOG agus eagraíochtaí príobháideacha, dámhachtainí ag Leibhéal 5 agus 6 QQI i suíomhanna a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh a bheith faoi bhainistíocht BOO. Feidhmíonn na soláthraithe príobháideacha seo i suíomhanna cúraim sláinte, áilleachta agus suíomhanna tionscail eile. Go ginearálta, is féidir IVET a thairiscint mar chuid de dhámhachtainí QQI ag Leibhéal 5 agus 6, ar choinníoll go bhfuil deimhniú faighte ag an soláthraí mar sholáthraí ó QQI.

Faoi láthair, d'fhéadfaí eTwinning a thairiscint do bhaill foirne i suíomhanna oideachais agus oiliúna atá mar chuid de chlár phrintíseachta agus oiliúna; Cúrsaí Iar - Ardteistiméireachta nó Coláistí Breisoideachais, roinnt Ionad Ógtheagmhála, roinnt suíomhanna SDOG agus soláthraithe príobháideacha.

7. EXPANDING ETWINNING TO IVET IN IRELAND

Seo a leanas moltaí maidir le príomhghníomhartha, moltaí maidir le hábhar bolscaireachta, agus meabhrúchán maidir leis na mionphointí a theastaíonn agus tairiscint luacha á lua do NSO eTwinning in Éirinn.

7.1 Príomhghníomhartha don NSO

1.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean oibre náisiúnta i bhfianaise thorthaí an staidéir féidearthachta. Príomh-chinnteoírí a aithint i SOLAS, BOO Éireann agus BOOanna aonair.
- Cleachtóirí IVET a aithint i suíomhanna creidiúnaithe Erasmus+ a fháiltíonn roimh eTwinning.
- Príomhráiteas luacha a chomhaontú le haghaidh eTwinning de réir catagóir páirtí leasmhair IVET.

2.

- Idirphlé oscailte le príomhphearsanra SOLAS a bhfuil baint acu le creatáí PD/rialachais don fhoireann.
- Idirphlé oscailte le Comhordaitheoirí um Fhorbairt Ghairmiúil atá lonnaithe i mBOO Éireann.
- Idirphlé oscailte le Ceann Stiúrthóirí FET i mBOO Éireann.

3.

- Feachtas bolscaireachta a chur le chéile do eTwinning agus/nó an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile agus é dírithe ar bhaill foirne i mbun IVET in Éirinn. Feachtas cur chun cinn píolótach le príomhpháirtithe leasmhara ar leibhéal cleachtóra, bainisteora agus comhordaitheora ar fud IVET.

4.

- eTwinning a chur i láthair bhainistíocht an BOO go réigiúnach.
- eTwinning a chur i láthair líonra na Stiúrthóirí FET agus líonraí na Stiúrthóirí Foghlama Gairmiúla.
- eTwinning a chur i láthair do Líonra FET Erasmus+ do KA1 agus KA2.

Nuair is féidir, cuir i láthair a dhéanamh go pearsanta do phríomhpháirtithe leasmhara straitéiseacha

7.2 Gníomhartha Ginearálta Cur Chun Cinn le haghaidh eTwinning chuig IVET

- Imeacht eTwinning pearsanta a dhearadh do pháirtithe leasmhara lena n-áirítear seisiúin chomhoibríocha agus ceardlanna arna n-óstáil ag lucht eTwinning rathúil.
- Suíomhanna agus cleachtóirí IVET ar spéis leo idirnáisiúnta a mhealladh trí ghníomhaíocht eTwinning a thaispeáint a bhain leas go rathúil as gach gné den acmhainneacht eTwinning atá nasctha le Erasmus+.
- An turas eTwinning rathúil a d'fhéadfadh cleachtóir IVET a dhéanamh a thaispeáint agus a léiriú.
- Lucht eTwinning rathúil agus/nó ambasadóirí rathúla ó IVET a aithint agus a earcú chun bualadh le cleachtóirí FET in IVET (Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, Ionaid Oilíúna BOO, Ógtheagmháil, roinnt SDOG).
- eTwinning a shocrú mar rannchuidiú féideartha le PD. Cuid de straitéisí idirnáisiúnaithe do gach BOO a dhéanamh de eTwinning.

7.3 Bearta Cur Chun Cinn ar leith do eTwinning le Teagasc agus Foghlaim IVET

1.
 - eTwinning a shocrú mar dheis luachmhar do thionscadail chomhoibríocha ar líne idir cleachtóirí agus foghlaimeoirí agus é sin leabaithe i ndámhachtainí QQI ag Leibhéal 5 agus 6. eTwinning a chur chun cinn mar dheis chun foghlaimeoirí a spreagadh agus a mhealladh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí 'fíorshaoil' laistigh de thimpeallacht chomhoibrítheach shlán shábháilte ar líne.
 - Twin Space a mholadh do thionscadail chomhoibrítheacha idir cleachtóirí agus foghlaimeoirí ar thopaicí a bhaineann le hábhar IVET agus forbairt scileanna.
 - Twin Space a mholadh do thionscadail chomhoibrítheacha idir cleachtóirí agus foghlaimeoirí ar ábhair atá dírithe ar inbhuanaitheacht, aistriú glas agus aistríthe digiteacha.
 - Twin Space a mholadh do thionscadail chomhoibrítheacha idir cleachtóirí agus foghlaimeoirí ar thopaicí atá dírithe ar fhorbairt scileanna boga nó meitea-scileanna.
 - eTwinning a shocrú mar mheicníocht chun comhpháirtithe a aimsiú le haghaidh lucht eTwinning nua IVET chun comhoibriú leo ar líne i dteagasc agus i bhfoghlaim.
2.
 - eTwinning a chur chun cinn mar dheis luachmhar le haghaidh PD do chleachtóirí IVET i gcomhar le compháirtithe AE. Aitheantas gníomhaíochta eTwinning a fhiosrú mar chuid de straitéis atá ag teacht chun cinn do PD in FET do gach ball foirne.
3.
 - eTwinning a chur chun cinn mar spás comhoibrítheach do dhaoine nua chuig Erasmus+, áit ar féidir caidrimh a bhunú trí thionscadail ar líne (a d'fhéadfadh a bheith múnlaíthe de réir thionscadal rathúil nó d'fhéadfadh lucht eTwinning a bhfuil a lán taithí acu meantóireacht a dhéanamh orthu).
 - eTwinning a chur chun cinn mar dheis dul i dteagmháil le cleachtóirí IVET ar fud an Aontais chun cleachtas a roinnt, gníomhaíochtaí agus cuir chuige rathúla a dhearbhu, agus dul i mbun nuálaíochta comhchoitinne.
4.
 - Leas a bhaint as eolas lucht eTwinning a bhfuil taithí acu ar phrótacail nó ar bheartais áitiúla chun teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe a bhfuil aoisghrúpaí foghlaimeoirí éagsúla agus taithí acu.
 - Leas a bhaint as eolas lucht eTwinning a bhfuil taithí acu ar phrótacail nó ar bheartais áitiúla chun freastal ar chleachtóirí a mhaoinítear trí chórais oideachais agus oiliúna náisiúnta éagsúla.
5. Na naisc idir eTwinning agus Erasmus+ a léiriú trí úsáid a bhaint as fianaise lucht eTwinning agus cás-staidéir.

7.4 Naisc idir eTwinning agus Gníomhaíocht Erasmus+ do IVET

1. eTwinning a shocrú mar mheicníocht aimsithe comhpháirtithe do shoghluaisteachtaí foirne nua agus foghlaimeoirí trí Erasmus+.
2. eTwinning a shocrú mar mhol do chleachtóirí IVET chun PD leanúnach a aimsiú agus rochtain a fháil air ó gach cearn den Aontas.
3. eTwinning a shocrú mar chuid de straitéis chomhtháite idirnáisiúnaithe don teagasc agus don fhoghlaim in IVET a chuimsíonn cleachtóirí, foghlaimeoirí agus gníomhaíochtaí Erasmus+.

7.5 Mionphointí Tábhachtacha do Chur Chun Cinn eTwinning in IVET in Éirinn

1. Luach eTwinning in IVET in Éirinn a shocrú go soiléir.
2. Ráiteas straitéise agus cuspóirí eTwinning a chur i bhfocail agus a chur i láthair go soiléir in IVET.
3. Róil agus úsáid eTwinning ag páirtithe leasmhara éagsúla a chur i láthair go soiléir.
4. Na buntáistí a bhaineann le rannpháirtíocht i eTwinning a chur i láthair go soiléir do chleachtóirí agus d'fhoghlaimoirí IVET.
5. Na hardáin eTwinning agus EPALE a dhifreáil nó a chomhtháthú go soiléir do IVET in Éirinn.
6. Aitheantas a thabhairt do stair agus d'athrú rath na n-ardán comhoibritheach ar líne i gcláir arna maoiniú ag an AE.
7. Na dúshláin teicniúla a aithint a bhaineann le hardáin ar líne ar mhórsála a fhorbairt agus a úsáid ar fud bhallstáit an Aontais.
8. Aitheantas a thabhairt do dhifriochtaí struchtúracha i soláthar IVET ar fud bhallstáit an Aontais.
9. Difreáil a dhéanamh ar luach eTwinning do thionscadail ghearrthéarmacha Erasmus+ a bhfuil taithí acu agus do thionscadail chreidiúnaithe ó thaobh luacha agus torthaí de.

Rannpháirtithe creidiúnaithe Erasmus+ a bhfuil taithí acu a spreagadh trí mheantóireacht agus trí thaispeántas chun iniúchadh a dhéanamh ar luach eTwinning d'ullmhú teanga nó cultúrtha a dhéanann foghlaimoirí faoina dtreoir féin trí rólghlacadh nó gníomhaíochtaí ionsamhlúcháin le comhpháirtithe eTwinning (b'fhéidir go luath sa bhliain acadúil).

Tacú le rannpháirtithe creidiúnaithe Erasmus+ a bhfuil taithí acu trí mheantóireacht agus trí chomhoibriú eTwinning ar líne a thaispeáint trí theagasc agus foghlaim i réimsí tosaíochta an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus trí scileanna boga nó 'meta' a fhoghlaim.

8. CONCLÚID

Sa tuarascáil seo cuirtear staidéar féidearthachta tosaigh ar fáil ar leathnú eTwinning in Éirinn chuig an earnáil IVET. Moltar go mbainfeadh dul chun cinn na sprice seo tairbhe as tuilleadh taighde agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara sna hearnálacha printíseachta agus oiliúna, chun soláthraithe príobháideacha a chur san áireamh b'fhéidir. Moltar – ag brath ar ailíniú na bpleananna agus na dtosaíochtaí oibre Eorpacha agus náisiúnta eTwinning - go bhféadfaí dul i gcomhairle le bainistíocht coláistí Iar-Ardteistiméireachta agus suíomhanna eile maidir le luach eTwinning agus an méid a chuireann sé le gné Eorpach an teagaisc agus na foghlama, forbairt ghairmiúil na foirne, agus na mbuntáistí a fhaigheann foghlaimoirí. D'fhéadfadh seicheamhú agus uainiú na gcomhairliúchán seo a bheith ag brath ar thorthaí na bpléirí le cinnteoirí agus le páirtithe leasmhara in FET. Moltar freisin go n-admhódh NSO eTwinning agus Erasmus+ go raibh réimse ardán ar líne ann do shoghluasteacht leis na blianta anuas, agus go gcuireann córais agus roghanna éagsúla mearbhall ar dhaoine. Féadann stair na bhfadhbanna teicniúla le hardáin a chur faoi deara d'úsáideoirí a gcuid muiníne a chailliúint chomh maith. Léiríonn an tuarascáil go bhféadfadh eTwinning luach a chur le tírdhreach IVET na hÉireann trí PD na foirne, tríd na buntáistí seanbhunaithe d'fhoghlaimoirí a bhaineann le comhoibriú i suíomh fíorshaol le comhpháirtithe AE, agus tríd an luach breise a bhaineann le caidrimh agus comhpháirtithe a fhorbairt agus a choinneáil le hoideachasóirí agus oiliúnoirí i mballstát eile.

TAGAIRTÍ

Burke N. Condon, N. agus Hogan A. (2019). 'Vocational Education and Training in Europe - Ireland. Cedefop ReferNet VET in Europe Reports 2018'. [Ar Líne]. Le fáil ag: <https://www.cedefop.europa.eu/en/country-reports/vocational-education-and-training-europe-ireland-2018> (arna rochtain an 23 Márta 2023).

CEDEFOP (2014). Terminology of European Education and Training Policy, Second Edition: A Selection of 130 Key Terms. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh [Ar Líne]. Le fáil ag: https://www.cedefop.europa.eu/files/4117_en.pdf (arna rochtain an 23 Márta 2023).

CEDEFOP (2018). 'Percentage of IVET Students as % of All Upper Secondary Students', [Ar líne]. Le fáil ag: <https://www.cedefop.europa.eu/en/data-insights/01-how-many-students-participate-ivet#group-downloads> (arna rochtain an 23 Márta 2023).

D'Arcy, I. (2020). An Evaluation Report of eTwinning in Ireland. [Ar Líne]. Ar fáil ag: <https://www.leargas.ie/wp-content/uploads/2021/06/Evaluation-of-eTwinning-2020.pdf> (arna rochtain an 23 Márta 2023).

An Roinn Oideachais. (2021). Táscairí Oideachais d'Éirinn. [Ar Líne]. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/en/publication/055810-education-statistics/> (arna rochtain an 23 Márta 2023).

Dunlop, S. (2022). Teachers and Trainers in a changing World - Ireland: Building up Competences for Inclusive, Green and Digitalised Vocational Education and Training (VET)', Cedefop ReferNet Thematic Perspectives Series. [Ar Líne]. Le fáil ag: https://cumulus.cedefop.europa.eu/files/vetelib/2022/teachers_and_trainers_in_a_changing_world_Ireland_Cedefop_ReferNet.pdf (accessed 23 March 2023).

An Coimisiún Eorpach. (2022). Treoirleabhar Cláir Erasmus+. [Ar Líne]. Le fáil ag: https://erasmus-plus.ec.europa.eu/sites/default/files/2022-01/2022-erasmusplus-programme-guide-v2_en_0.pdf (arna rochtain an 23 Márta 2023).

An tAontas Eorpach (2021). Tuarascáil Monatóireachta: Embedding eTwinning in National Educational Policies from Practice to Policy. [Ar Líne]. Ar fáil ag: <https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/b8af9e2a-6144-11ec-9c6c-01aa75ed71a1/language-en> (arna rochtain an 23 Márta 2023).

Gambin, L. (2009). 'Initial Vocational Education and Training (IVET) in Europe: Review. Department of Education (2021) Education Indicators for Ireland'. [Ar Líne]. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/en/publication/055810-education-statistics> (arna rochtain an 23 Márta 2023).

Grummell, B. agus Murray, M.M. (2015). 'A Contested Profession: Employability, Performativity and Professionalism in Irish Further Education, Journal of Educational Administration and History, 47(4), lgh. 432 -450.

Hughes, C. (2021). 'It Made Me Hungry For More': Tracing the Impact of European Work Placements on the Skills, Attitudes, Education and Career Paths of Vocational Learners from Ireland. [Ar Líne]. Ar fáil ag: <https://www.leargas.ie/wp-content/uploads/2021/10/Tracing-Impact-of-European-Work-Placements-on-Vocational-Learners.pdf> (arna rochtain an 23 Márta 2023).

Kim, I. agus Phang, M. (2018), 'The Hierarchical Linear Relationship of the Individual and Organizational Characteristics Variables of the Teaching Competency of Specialized Vocational High School Teachers in Korea'. *iml.* (45)3, lgh. 141 -164.

Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, Mouratoglou, N.,

Gillera, A., Scimeca, S. (2021). Embedding eTwinning in national educational policies from practice to policy: tuarascáil mhonatóireachta 2021. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh: An Bhruiséil.

Ardán Eorpach um Oideachas Scoile an Choimisiúin Eorpaigh. eTwinning. [Ar Líne]. Ar fáil ag <https://school-education.ec.europa.eu/ga/etwinning> (arna rochtain an 23 Márta 2022).

McGuinness, S., Bergin, A., Kelly, E., McCoy, S., Smyth, E., Banks, J., Whelan, A. (2014). Further Education and Training in Ireland Past Present and Future. Sraith Thaighde, uimh. 35. An Foras Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta: Baile Átha Cliath.

Munroe, C. (2021). "New Thinking in FET". Education Matters, Ireland's Education Yearbook. Ich.251-256.

Musset, P., M. Kuczera agus S. Field (2014). A Skills beyond School Review of Israel, OECD Reviews of Vocational Education and Training. Páras: Foilsitheoireacht ECFE.

ECFE (2021). Teachers and Leaders in Vocational Education and Training, OECD Reviews of Vocational Education and Training. Páras: Foilsitheoireacht ECFE.

Schmidt, T. (2019), 'Industry Currency and Vocational Teachers in Australia: What Is the Impact of Contemporary Policy and Practice on Their Professional Development?', Research in PostCompulsory Education, iml. 24, lgh. 1 -19.

Smith, E. (2019). The Importance of VET Teacher Professionalism: An Australian Case Study. I: McGrath, S., Mulder, M., Papier, J., Suart, R. (eag.) Handbook of Vocational Education and Training . Springer, Cham.

SOLAS agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) (2014). Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014 - 2019. Baile Átha Cliath: SOLAS.

SOLAS agus Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) (2017). Straitéis um Fhorbairt Ghairmiúil FET 2017 -2019. Baile Átha Cliath: SOLAS.

SOLAS (2020) FET na Todhchaí: Foghlaim a Athrú ó Bhonn: An Straitéis Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna. Baile Átha Cliath: SOLAS.

An Chomhairle Mhúinteoireachta (2011). Breisoideachas: Breisoideachas: Ceanglais Ghinearálta agus Chláir le haghaidh Cáilíochtaí Oideachais Múinteoirí a Chreidiúnú. Maigh Nuad: An Chomhairle Mhúinteoireachta.

Comhairle an Aontais Eorpaigh. (2011). 'Rún ón gComhairle maidir le Clár Oibre Eorpach Athnuaite don Fhoghlaim Aosach. 2011/C 372/01', Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Comhairle an Aontais Eorpaigh. (2020) Moladh ón gComhairle maidir le Gairmoideachas agus Gairmoiliúint (VET) don Iomaíochas Inbhuanaithe, don Chothroime Shóisialta agus don Athléimneacht (2020/C 417/01). [Ar Líne]. Ar fáil ag: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX%3A32020H1202%2801%29> (arna rochtain 23 Márta 2023).

Tokarz, D. (Eag). (2021). Vocational Education and Training with eTwinning Analyses and inspiration from Polish Schools. Vársá: Foundation for the Development of the Education System. [Ar Líne]. Ar fáil ag: https://www.frse.org.pl/brepo/panel_repo_files/2021/10/12/7xwity/etwinning-and-vocational-education-online.pdf (arna rochtain an 23 Márta 2023).

